2026/1063

13.5.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1063 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Bealtaine 2026

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí TPE nascshníofa de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 15 Meán Fómhair 2025, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí TPE nascshníofa de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Freudenberg Performance Materials agus Johns Manville ('na gearánaigh') isteach an 8 Lúnasa 2025, arb iad na haon táirgeoirí aitheanta de chuid an Aontais ar táirgeoirí TPE nascshníofa iad. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal TPE nascshníofa an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2409 ([3]) ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe.

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na gearánaigh ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus Rialtas na Síne, allmhaireoirí aitheanta, agus úsáideoirí, trádálaithe, agus comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí TPE nascshníofa de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO C, C/2025/5010, 15.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5010/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2409 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2025 lena gcuirtear allmhairí TPE nascshníofa de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe (IO L, 2025/2409, 2.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2409/oj).

1.4. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(6) Tar éis an tionscnaimh, chuir Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Teicstílí (CCCT) ([4]) agus an t-allmhaireoir Iko Europe NV barúlacha isteach.

(7) Mheas CCCT gur suíodh méideanna na n-allmhairí ón tSín ar bhonn neamhiontaofa ós rud é gur úsáid na gearánaigh modh meastacháin seachas figiúirí a fuarthas go díreach ó Eurostat. D'áitigh CCCT freisin go raibh praghsanna ísle líomhnaithe na n-allmhairí Síneacha bunaithe ar shonraí a roghnaíodh go roghnaitheach agus a cuireadh i bhfeidhm go neamhréireach, amhail luachana praghsanna agus sonraí allmhairiúcháin. Ar deireadh, mhaígh CCCT nár leor an fhianaise a bailíodh maidir le sladghearradh agus gearrdhíol, mar gheall, go páirteach, ar neamhiontaofacht na sonraí allmhairiúcháin a úsáideadh.

(8) Thug an Coimisiún dá aire ón tús go ndearna sé a scrúdú ar an ngearán i gcomhréir le hAirteagal 5 den bhun-Rialachán agus gur tháinig sé ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais maidir le tionscnamh imscrúdaithe, i.e. go raibh fianaise leordhóthanach ann ar dhumpáil, ar dhíobháil agus ar nasc cúisíoch idir na hallmhairí a líomhnaítear a dumpáladh agus an díobháil líomhnaithe chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

(9) De réir Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán, cuimseoidh gearán faisnéis den sórt atá ar fáil go réasúnta do na gearánaigh. Tá an caighdeán dlíthiúil fianaise is gá chun imscrúdú a thionscnamh (fianaise 'leordhóthanach') difriúil uaidh sin is gá chun réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach a dhéanamh gur ann don dumpáil, do dhíobháil nó do nasc cúisíoch. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh fianaise nach bhfuil leordhóthanach ó thaobh na cainníochta nó na cáilíochta de chun údar a thabhairt le réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach gur ann do dhumpáil, do dhíobháil nó do chúisíocht a bheith leordhóthanach mar sin féin chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh.

(10) Mheas an Coimisiún go dtéann maíomh CCCT thar cheanglais Airteagal 5(3) den bhun-Rialachán, ós rud é gurb é ról an Choimisiúin tráth an tionscnaimh scrúdú a dhéanamh ar chruinneas agus leordhóthanacht na fianaise a sholáthair an gearánach chun a chinneadh an raibh fianaise leordhóthanach ann chun údar a thabhairt leis an tionscnamh. Mheas an Coimisiún go raibh an modh a úsáideadh chun méideanna na n-allmhairí a ríomh iontaofa go leor chun freastal ar an gcuspóir go n-osclófaí imscrúdú. Na cóid AC faoina n-allmhairítear an táirge faoi imscrúdú, cumhdaítear leo freisin táirgí nach dtagann faoi raon feidhme an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir staitisticí Eurostat a úsáid chun méideanna na n-allmhairí agus sciartha den mhargadh a chinneadh. Mar a mhínítear sa ghearán, shuigh na gearánaigh allmhairí bunaithe ar an éileamh iomlán san Aontas lúide a raibh de dhíolachán san Aontas ag táirgeoirí an Aontais. Roinneadh allmhairí foriomlána ansin idir allmhairí ón tSín agus allmhairí ó thíortha eile, bunaithe ar mheasúnú ar shonraí Eurostat. Rinneadh na figiúirí a tháinig as sin a chros-seiceáil ansin leis an bhfaisnéis mhargaidh a bhí ar fáil. Maidir le praghsanna allmhairiúcháin, tuigtear óna bhfuil i gceist le gearán a ullmhú nach bhfuil na gearánaigh in ann fianaise dhíreach phearsanta a bhailiú ó idirbhearta aonair. Dá réir sin, b'éigean dó dul i muinín modhanna bailithe sonraí eile, agus mheas an Coimisiún gur comhlíonadh na critéir maidir le fianaise leordhóthanach tráth an tionscnaimh. Dá réir sin, dar leis an gCoimisiún, ba leor an fhianaise a cuireadh faoina bhráid chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh. Mheas an Coimisiún go raibh na praghsanna, amhail luachana, oibiachtúil go leor agus, dá réir sin, iontaofa go leor freisin chun sladghearradh agus gearrdhíol a ríomh.

(11) Cheistigh CCCT freisin an tionchar diúltach a bhí ag allmhairí ón tSín ar tháirgeoirí an Aontais. Ar an gcéad dul síos, mar a thug CCCT le fios freisin in aithris 7, ós rud é go raibh praghsanna na n-allmhairí neamhiontaofa, níorbh fhéidir nasc cúisíoch idir allmhairí agus díobháil do thionscal an Aontais a shuí. Thairis sin, thagair CCCT freisin do thosca eile amhail praghsanna sliseanna PET, an príomh-amhábhar, a chuir leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais freisin, rud a chuir an nasc cúisíoch faoi cheist.

(12) Mheas an Coimisiún gur chuir na gearánaigh fianaise leordhóthanach i láthair maidir le sladghearradh agus gearrdhíol, chomh maith le nasc idir allmhairí ón tSín agus staid dhíobhálach thionscal an Aontais.

(13) Tar éis an tionscnaimh, chuir soláthraithe do thionscal an Aontais (BASF, Cargill, Corepla, Synthomer, Valmieras Stikla Skiedra) barúlacha isteach chun tacú leis an imscrúdú. Chuir comhlachas na hIodáile um athchúrsálaithe plaisteach, ASSORIMAP agus Plastics Recyclers Europe, in iúl freisin go dtacaíonn siad lena thábhachtaí atá TPE nascshníofa le haghaidh athchúrsáil TPE. Chuir comhlachas na Polainne um scannáin dín (comhlachas d'úsáideoirí an táirge faoi imscrúdú) agus an comhlachas Eorpach um fhabraicí neamhfhite (EDANA) go dtacaíonn siad leis. Tháinig úsáideoir Gearmánach chun cinn freisin agus é ag léiriú imní agus á thabhairt dá aire a thábhachtaí atá allmhairí ón tSín do shlándáil a sholáthair.

([4]) Trí Chumhachtaí Aturnae, d'údaraigh ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin – lena n-áirítear na táirgeoirí sampláilte – do CCCT gníomhú thar a gceann san imeacht.

(14) Mar fhreagairt ar thionscnamh an imeachta, rinne an t-allmhaireoir/an t-úsáideoir Iko Europe NV iarraidh ar eisiamh táirgí. Leagtar amach an maíomh sin ar bhealach níos mionsonraithe i Roinn 2.4 thíos.

1.5. **Sampláil**

(15) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.5.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(16) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil, ach rinne an Coimisiún cinneadh ar deireadh nár ghá táirgeoirí an Aontais a shampláil toisc gur ag an trí tháirgeoir aitheanta chomhoibríocha de chuid an Aontais atá 100 % de tháirgeacht iomlán mheasta an Aontais maidir leis an táirge faoi imscrúdú.

1.5.2. *Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil*

(17) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar. Sholáthair dhá allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil. Tháinig an dá allmhaireoir neamhchomhlachaithe chun cinn le linn an chleachtaidh samplála agus iarradh orthu freagra ar an gceistneoir a chur isteach.

1.5.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil*

(18) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(19) Sholáthair ocht dtáirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin, a raibh dhá eintiteas i gceann amháin acu, ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na dtíortha lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla ([5]). Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le roghnú an tsampla.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(20) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(21) Sheol an Coimisiún ceistneoirí freisin chuig táirgeoirí de chuid an Aontais agus chuig allmhaireoirí agus chuir sé ceistneoirí ar fáil do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín. Cuireadh ceistneoirí eile, amhail ceistneoirí d'úsáideoirí an Aontais, ar fáil ar líne ([6]) lá an tionscnaimh.

([5]) TRON t25.009148 agus t25.009150 an 24 Meán Fómhair 2025.
([6]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2811.

(22) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— Johns Manville GmbH, Bobingen, an Ghearmáin

— Politex SAS di Freudenberg Politex SRL, Milano, an Iodáil

— Freudenberg Performance Materials S.A.S, Colmar, an Fhrainc

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

— Changde Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd, Cathair Changde, Cúige Hunan

— Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd, Cathair Dezhou, Cúige Shandong

— Hubei Unibon nonwovens Co Ltd, Cathair Jingmen, Cúige Hubei

1.7. An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú

(23) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(24) Is é an táirge atá faoi réir an imscrúdaithe seo leatháin snáthaid-phollta neamhfhite áirithe d'fhiliméid phoileistir, bídís treisithe le snáithíní gloine nó ná bídís, ina bhfuil meáchan is mó ná 70 g/m^2, dar tiús is mó ná 0,5 mm ach nach mó ná 1,8 mm, iad tuillte le táthán amháin nó níos mó, ina bhfuil cion snáithíní gloine is lú ná 30 % de réir meáchain, gan iad a bheith bratathe ná clúdaithe, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 5603 13 90, 5603 14 20 agus ex 5603 14 80 (cóid TARIC 5603 13 90 70 agus 5603 14 80 70) ([7]) ('an táirge faoi imscrúdú').

(25) Shoiléirigh an Coimisiún nach dtagann táirgí a tháirgtear ó shnáithíní stáplacha faoi raon feidhme an imscrúdaithe, nach n-áirítear ann ach táirgí atá déanta as filiméid de dhéantús an duine, i.e. snáithíní leanúnacha d'ábhar de dhéantús an duine.

(26) An próiseas táirgthe chun TPE nascshníofa a mhonarú, tosaíonn sé le sliseanna TPE (nó calóga TPE) a leáitear ar dtús agus a fhoirmítear ina dhiaidh sin ina bhfiliméid tríd an bpolaiméir leáite a shníomh agus a shíneadh. Ansin scaiptear na filiméid sin ar eangach (agus iad á stiúradh le sruthanna aeir) chun gréasán a chruthú. Cuirtear na filiméid i bhfostú ina chéile go meicniúil ansin trí pholladh snáthaide agus ceanglaítear le chéile iad le ceanglóir (ceimiceach) stáirse-bhunaithe nó polaiméir-bhunaithe, agus is féidir iad a threisiú le snáithín gloine. Déantar an táirge deiridh a thochras agus a phacáistiú i rollaí móra nó gearrtar de réir méide é de réir cheanglais an chustaiméara.

(27) De ghnáth, déantar TPE nascshníofa a dhíol ina rollaí agus a úsáid, nach mór go heisiach, mar iompróir le haghaidh scannáin bhiotúmanacha, i.e. ábhar dín uiscedhíonach a úsáidtear san earnáil tógála. Táirgtear scannáin bhiotúmanacha de ghnáth trí sheicin iompróra TPE nascshníofa a thuile (a threisítear uaireanta le snáithínghloine chun neart agus marthanacht a fheabhsú) i mbiotúman, substaint atá bunaithe ar pheitriliam atá an-fhrithsheasmhach in aghaidh uisce agus taise.

2.2. An táirge lena mbaineann

(28) Is ionann an táirge lena mbaineann agus an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([7]) Ó bhí an 1 Eanáir 2024 ann, aicmítear an táirge faoi imscrúdú faoi chóid AC 5603 14 20, 5603 13 90, agus 5603 14 80 (cód iarmharach). Go dtí an 31 Nollaig 2023, aicmíodh an táirge faoi imscrúdú faoi chóid AC 5603 14 90 agus 5603 13 90 den chuid is mó.

2.3. An táirge comhchosúil

(29) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(30) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. Maímh maidir le raon feidhme an táirge

(31) Fuair an Coimisiún maíomh maidir leis an raon táirgí ón allmhaireoir/úsáideoir Iko Europe NV (Iko). D'iarr Iko go n-eisiafaí cineálacha áirithe TPE nascshníofa atá níos mó ná 5 mhéadar ar leithead agus nach bhfuil ceanglóir acu. Shoiléirigh an Coimisiún go n-áirítear táirgí TPE nascshníofa a bhfuil ceanglóir acu, gan beann ar an leithead. Thairis sin, shoiléirigh an Coimisiún freisin, de réir an tsainmhínithe ar an táirge, go bhfuil cineálacha táirgí nach bhfuil ceanglóir acu lasmuigh de raon táirge an imscrúdaithe.

(32) Leis na huimhreacha rialaithe táirgí, mar a suíodh tráth an tionscnaimh, rinneadh idirdhealú idir TPE nascshníofa atá treisithe le snáithín gloine agus TPE nascshníofa neamhthreisithe. Rinne roinnt páirtithe argóint i bhfabhar uimhreach rialaithe táirgí níos beaichte, lena mbreithneofaí freisin na cineálacha éagsúla ceanglóirí (aicrileach nó stáirse) a chuirtear i bhfeidhm air. Úsáideann tionscal an Aontais agus na táirgeoirí onnmhairiúcháin araon meascán de cheanglóirí, áfach. Suíodh go raibh úsáidí agus praghsanna gach cineáil comhchosúil. Dá bhrí sin, suíodh nár ghá anailís níos mionsonraithe a dhéanamh ar tháirgí a bhfuil cineálacha éagsúla ceanglóirí acu ach atá mar an gcéanna ó thaobh úsáide agus praghais de.

3. DUMPÁIL

3.1. Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

(33) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(34) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun TPE nascshníofa a tháirgeadh. Chuir ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(35) Chun faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(36) Maidir le húsáid chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, níor chaith aon táirgeoir onnmhairiúcháin amhras ar úsáid an Airteagail sin, agus mhaígh ceann amháin acu go raibh na tosca táirgeachta uile a d'úsáid sé neamhshaofa. Mar sin féin, ós rud é nár thug sé bunús breise leis an maíomh sin agus gur ós rud é gur léirigh fíorú an fhreagra ar an gceistneoir go bhfuarthas na tosca táirgeachta uile sa bhaile agus, dá bhrí sin, go raibh siad faoi réir an tsaofa shuntasaigh a mhionsonraítear i Roinn 3.2.1 thíos, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(37) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(38) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, de réir na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh an Téalainn agus an Tuirc a bheith ina dtríú tíortha ionadaíocha iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(39) D'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh: an chéad nóta faoi thosca táirgeachta an 14 Samhain 2025 (dá ngairtear an 'Chéad Nóta' anseo feasta) agus an dara nóta faoi na tosca táirgeachta an 9 Feabhra 2026 (dá ngairtear an 'Dara Nóta' anseo feasta).

(40) Sna nótaí sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéir a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa a threorú, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha.

(41) Sa Chéad Nóta, shainaithin an Coimisiún ráitis airgeadais a bhí ar fáil go héasca le haghaidh trí cinn de tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú sa Téalainn agus san Indinéis. Sa Dara Nóta, mhol an Coimisiún costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SGA') agus brabúis a shuí bunaithe ar PT Multi Spunindo Jaya Tbk, atá ar cheann de tháirgeoirí an táirge lena mbaineann san Indinéis, ós rud é gur measadh go raibh na sonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca agus a fuarthas ó tháirgeoirí de chuid na Téalainne neamhiontaofa.

(42) Sna nótaí sin tugadh aghaidh freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe leasmhara maidir leis na gnéithe sin agus leis na foinsí ábhartha. Tugtar aghaidh ar na barúlacha a chuir na páirtithe ar fáil sna hailt seo a leanas.

3.2. **An Gnáthluach**

(43) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '*beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir*'.

(44) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*más rud é go gcinntear … nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa*' agus '*[á] ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta')*.

(45) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(46) Sonraítear in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán gurb é atá i '*saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:*

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'

(47) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar úsáid a bhaint as na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gur ann do cheann amháin nó níos mó d'eilimintí an liosta.

(48) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil. Nuair atá an measúnú foriomlán á dhéanamh lena fháil amach an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an staid sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágann nach toradh ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna agus costais.

(49) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán '[i] *gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta*'.

(50) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ('*an Tuarascáil*') ([8]), ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais ar roinnt mhaith leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i roinnt mhaith príomhthoisc táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha roghnaithe, amhail earnáil na gceimiceán.

(51) Iarradh ar na páirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt maidir léi nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil maidir leis an tSín sa chomhad imscrúdúcháin ag an gcéim thionscnaimh. Bhí roinnt fianaise ábhartha sa ghearán freisin a chomhlánaíonn an Tuarascáil.

(52) Bhí an gearánach ag brath ar an bhfianaise a bhí sa Tuarascáil ([9]). Thairis sin, rinne an gearánach tagairt do na beartais agus na pleananna fabhracha iomadúla atá ag Rialtas na Síne lena dtugtar tacaíocht do tháirgeoirí intíre TPE nascshníofa na Síne, rud a sholáthraíonn neart fianaise go bhfuil tionscal TPE nascshníofa na Síne faoi réir saobhadh suntasach agus nach n-oibríonn sé faoi ghnáthdhálaí margaidh ([10]).

(53) Thairis sin, meabhraíodh sa ghearán na heilimintí seo a leanas a raibh saobhadh suntasach mar thoradh orthu.

(54) Ar an gcéad dul síos, tá an margadh atá i gceist á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir. Go sonrach, maíodh sa ghearán go bhfuil dlúthnaisc ag roinnt táirgeoirí TPE nascshníofa le Rialtas na Síne nó le rialtais réigiúnacha nó áitiúla, bíodh sin go díreach nó trí chomhlachais ([11]). Luadh sa ghearán, mar shampla, go bhfuil an táirgeoir TPE

([8]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final.
([9]) Leathanaigh 12-13 den ghearán.
([10]) Leathanach 13 den ghearán.
([11]) Leathanach 13 den ghearán.

nascshníofa Langfang Chinatex Nonwovens ina chuid den ilchuideachta Chinatex Corporation atá faoi úinéireacht stáit (cuid de COFCO Group), agus go bhfuil Coiste an Pháirtí in Chinatex ar an leibhéal céanna leis an mBord Stiúrthóirí, agus sholáthair sé Iarscríbhinn ina raibh faisnéis mar fhianaise ar an maíomh ([12]).

(55) Thairis sin, luadh sa ghearán freisin go gcoinníonn Rialtas na Síne dlúthnaisc ar bun le táirgeoirí TEP nascshníofa de chuid na Síne trí chomhlachais ionadaíocha tionscail amhail Comhlachas na Síne um Theicstílí Tionsclaíocha agus Fabraicí Neamhfhite (‘*CNITA*’), Comhlachas Teicniúil na Síne um Fhabraicí Neamhfhite in Shang-hai (‘*CNTA Shang-hai*’), Comhlachas Náisiúnta na Síne um Uiscedhíonadh Foirgníochta (‘CWA’ nó ‘CNBWA’) agus Cónaidhm na Síne um Ábhair Thógála (‘CBMF’) ([13]). Dá thoradh sin, tá fiú cuideachtaí príobháideacha sa tionscal TPE nascshníofa faoi réir maoirseacht agus treorú beartais.

(56) Ar an dara dul síos, cuireann láithreacht an stáit i gcuideachtaí TPE nascshníofa ar a gcumas do na húdaráis cur isteach ar phraghsanna agus/nó ar chostais freisin. Tugadh faoi deara sa ghearán go bhfuil saobhadh á dhéanamh ar chostais fhormhór na dtosca a bhaineann le táirgeadh TPE nascshníofa na Síne, nó costais na dtosca uile b’fhéidir, lena n-áirítear amhábhair, leictreachas, talamh agus costais saothair ([14]).

(57) Thairis sin, mhínigh an gearánach go bhfuil roinnt amhábhar chun TPE nascshníofa a tháirgeadh, lena n-áirítear TPE, snáth agus stáirse, faoi réir saobhadh suntasach iad féin mar a dheimhnigh an Coimisiún sna cásanna maidir le TPE agus snáth snáithín gloine a bhí ann le déanaí ([15]). Maíodh sa ghearán freisin go saobhann an tSín praghsanna stáirse arbhair Indiaigh agus stáirse ríse a úsáidtear chun ceanglóir TPE nascshníofa a tháirgeadh, trí chleachtais stoc-charntha ([16]).

(58) Díríodh aird sa ghearán freisin ar chostais fuinnimh sa tSín agus maíodh go ndéanann Rialtas na Síne idirghabháil shuntasach agus chórasach i margadh cumhachta na Síne agus go rialaíonn an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú (‘NDRC’) praghsanna intíre leictreachais agus gáis sa tSín ([17]).

(59) Thairis sin, áitíodh sa ghearán go ndéantar costais innealra a shaobhadh freisin toisc go laghdaíonn roinnt beartas stáit costas trealaimh agus innealra do thionscail atáthar a spreagadh amhail na tionscail teicstíle, fabraice neamhfhite agus TPE nascshníofa ([18]). Bhí fianaise sa ghearán freisin go ndéantar costais talún agus pá a shaobhadh freisin ([19]).

(60) Go bunúsach, tugadh faoi deara sa ghearán, mar gheall ar na hidirghabhálacha beartais i ngach ceann de thosca táirgeachta TPE nascshníofa, nach iad fórsaí an mhargaidh a spreagann costais agus praghsanna sa tSín. Dá réir sin, imríonn Rialtas na Síne tionchar suntasach ar shocrú praghsanna agus ar fhorbairt an tionscail TPE nascshníofa.

(61) Ar an tríú dul síos, míníodh sa ghearán go saothraíonn Rialtas na Síne beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar shlí eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir. Áitíodh sa ghearán go ndéantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh, cuid mhór, le córas casta pleanála lena leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir agus áitiúla díriú orthu. Tá an earnáil teicstíle agus an earnáil fabraice neamhfhite sa tSín faoi réir roinnt beartas. Deimhnítear leis sin a thábhachtaí a leanann an earnáil TPE nascshníofa de bheith do Rialtas na Síne, lena n-áirítear an rún idirghabháil a dhéanamh san earnáil chun í a mhúnlú i gcomhréir le beartais rialtais.

([12]) Leathanaigh 13-14 den ghearán agus Iarscríbhinn 16.
([13]) Leathanach 14 den ghearán.
([14]) Leathanach 17 den ghearán.
([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1040 ón gCoimisiún an 27 Márta 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, C/2024/4706 (IO L, 2024/1040, 2.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1040/oj) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/501 ón gCoimisiún an 18 Márta 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin (IO L, 2025/501, 19.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/501/oj).
([16]) Leathanach 17 den ghearán agus Tuarascáil na Síne, leathanaigh 346 agus 351.
([17]) Leathanach 17 den ghearán agus leathanach 266 de Thuarascáil na Síne.
([18]) Leathanach 18 den ghearán.
([19]) Leathanach 18 den ghearán.

(62) I ndáil leis sin, luadh roinnt samplaí sa ghearán. Sa 14ú Plean Cúig Bliana, mar shampla, is tionscal tacaithe í an earnáil TPE nascshníofa a thairbhíonn de thionscadail tacaíochta monaraíochta cliste san earnáil teicstíle agus in earnálacha an tionscail éadroim agus na n-ábhar tógála ([20]). Cuirtear an earnáil teicstíle agus earnáil an tionscail éadroim chun cinn freisin sa tionscnamh 'Made in China 2025' agus sa 14ú Plean Cúig Bliana um Monaraíocht Chliste ([21]). I gCatalóg na dTionscal Spreagtha, déantar foráil maidir le tacaíocht sa tionscal teicstíle chun feabhas a chur ar theicneolaíochtaí táirgthe fabraicí neamhfhite. Leis an gCatalóg Treorach maidir le Coigeartú Struchtúrach an Tionscail, liostaítear freisin teicneolaíochtaí nua le haghaidh próisis táirgthe fabraicí neamhfhite agus le haghaidh athchúrsáil poileistir chun ábhair neamhfhite a tháirgeadh sa chatagóir atáthar a spreagadh, rud a fhágann go bhfuil siad incháilithe do thacaíocht stáit i bhfoirm cúnamh fioscach, cánach, talún agus creidmheasa ([22]).

(63) Ar an gceathrú dul síos, áitíodh sa ghearán go bhfuil rochtain ag táirgeoirí TPE nascshníofa ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile ([23]). Tugadh faoi deara sa ghearán gur saintréith de chóras airgeadais na Síne é an seasamh láidir atá ag na bainc atá faoi úinéireacht stáit, a chuireann critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh agus rochtain ar mhaoiniú á deonú acu. Rinneadh tagairt sa ghearán freisin i ndáil leis sin do Thuarascáil an Choimisiúin ar an tSín agus áitíodh ann, díreach mar an gcéanna le fiontair neamhairgeadais faoi úinéireacht stáit, go gcuireann bainc Shíneacha beartais phoiblí arna gceapadh ag an stát chun feidhme go tráthrialta ([24]).

(64) Mar chonclúid, d'áitigh an gearánach go bhfuil saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san earnáil TPE nascshníofa.

(65) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu is iomchuí nó nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad. San fhianaise ar an gcomhad, áiríodh an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

(66) Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha a chuimsíonn an táirge lena mbaineann. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.2.2. *Saobhadh suntasach a imríonn tionchar ar phraghsanna agus costais sa tSín*

(67) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap "geilleagar margaidh sóisialach". Tá an coincheap sin cumhdaithe i mBunreacht na Síne agus cinneann sé rialachas eacnamaíoch na Síne. Is é an príomhphrionsabal '*úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre*' ([25]).

(68) Is é an geilleagar faoi úinéireacht stáit an '*fórsa ceannasach sa gheilleagar náisiúnta*' agus tá sainordú ag an stát '*a chomhdhlúthú agus a fhás*' a áirithiú ([26]). Go deimhin, i gcomparáid leis an 13ú Plean Cúig Bliana, dheimhnigh an Coimisiún um Maoirseacht agus Riaracháin ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht Stáit ('SASAC') gur tháinig méadú 44,6 % ar shócmhainní iomlána na bhfiontar lárnach le linn an 14ú Plean Cúig Bliana, '*rud a spreagann forbairt chomhtháite fiontar réamhtheachtach agus iartheachtach sa slabhra tionsclaíoch go héifeachtach agus a sholáthraíonn tacaíocht láidir chun príomhspriocanna agus príomhchúraimí fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta mo thíre a bhaint amach go rathúil*' ([27]).

(69) Dá réir sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne socraithe go foriomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha substaintiúla a dhéanamh sa gheilleagar, tá idirghabhálacha den sórt sin sainordaithe go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dhlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear é i dtábhacht mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.

([20]) Leathanach 16 den ghearán agus leathanach 15 d'Iarscríbhinn 22 a ghabhann leis dar teideal An 14ú Plean Ginearálta 5 Bliana, agus Tuarascáil na Síne, leathanaigh 320-321.
([21]) Leathanach 16 den ghearán agus leathanach 16 d'Iarscríbhinn 24 a ghabhann leis dar teideal Plean Monaraíochta Cliste.
([22]) Leathanach 16 den ghearán agus leathanaigh 49-50 d'Iarscríbhinn 26 a ghabhann leis dar teideal Catalóg Treorach maidir le Coigeartú Struchtúrach an Tionscail.
([23]) Leathanach 19 den ghearán.
([24]) Leathanach 19 den ghearán agus leathanach 149 *et seq* de Thuarascáil na Síne.
([25]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 7.
([26]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 7-8.
([27]) Féach: http://finance.people.com.cn/n1/2026/0128/c1004-40654753.html (arna rochtain an 5 Márta 2026).

(70) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht stáit ([28]).

(71) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud a chruthaíonn forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.

(72) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

(73) Tar éis na chéad abairte a bhí ann cheana féin san fhoráil: '*[i]s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne*' cuireadh an dara habairt nua isteach ina léitear: '*[i]s í gné shainiúil an tsóisialachais ag a bhfuil saintréithe Síneacha ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne*.' ([29]) Léiríonn sé sin rialú gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, rialú atá ag fás de shíor.

(74) Is gnéithe lárnacha de chóras na Síne iad an cheannaireacht agus an rialú sin agus téann siad i bhfad thar an ngnáthstaid i dtíortha eile ina bhfeidhmíonn na rialtais rialú ginearálta maicreacnamaíoch laistigh de na teorainneacha ina mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir i gceist.

(75) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach agus é ag saothrú spriocanna, ar spriocanna iad a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne seachas a bheith ag léiriú na ndálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([30]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha crioscaíolacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus leibhéal na timpeallachta rialála chomh maith.

(76) Ar an gcéad dul síos, ar leibhéal an rialaithe riaracháin ghinearálta, tá treo gheilleagar na Síne á rialú ag córas casta um pleanáil tionscail a dhéanann difear do gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Leis na pleananna sin ar fad cumhdaítear maitrís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus tá siad ann ar gach leibhéal rialtais.

(77) Tá pleananna mionsonraithe á gcur i bhfeidhm ar leibhéal na gcúigí agus leagtar amach spriocanna níos leithne sna pleananna náisiúnta. Sonraítear freisin sna pleananna na modhanna lena dtacófar leis na tionscail/na hearnálacha ábhartha, chomh maith leis na tráthchláir ar laistigh díobh is gá na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha don táirgeacht fós leagtha síos i roinnt de na pleananna.

(78) Faoi na pleananna, tugtar aird ar leith ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail aonair mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir leis na tosaíochtaí rialtais agus sanntar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) dóibh.

(79) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht an stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir na ndálaí a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad na cumhachtaí atá dílsithe dóibh dá réir sin agus, ar an dóigh sin, mealltar na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([31]).

(80) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, is iad na bainc thráchtála agus na bainc bheartais faoi úinéireacht stáit atá i réim i gcóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntas eacnamaíoch tionscadail ar leith ([32]).

([28]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 10, 18.
([29]) Le fáil ag: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.htm (arna rochtain an 8 Aibreán 2024).
([30]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 29-30.
([31]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 57, 92.
([32]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 149-150.

(81) Is amhlaidh atá i gcás comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais curtha ar bun ar bhonn institiúideach agus oibríochtúil ar bhealach nach bhfuil oiriúnaithe chun feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach ar mhaithe le rialú a áirithiú agus idirghabháil ón stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([33]).

(82) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt cineálacha idirghabhála stáit sa gheilleagar ann. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta chun spriocanna beartais, seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú agus, dá bharr sin, baintear an bonn de phrionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí a stiúradh chun baint amach na spriocanna arna gceapadh le beartais an stáit a éascú. Mar sin féin, níor sainíodh cineál na spriocanna sin go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([34]).

(83) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, tá smacht suntasach ag Rialtas na Síne fós agus tá tionchar suntasach aige ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus toirmisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna an bheartais thionsclaíoch, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomhearnálacha nó borradh a chur faoin tionsclaíocht intíre ([35]).

(84) Mar achoimre, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabhálacha rialtais agus lena spreagtar iad. Bíonn idirghabhálacha substainteacha den sórt sin ón rialtas ag teacht salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr ([36]).

3.2.2.1. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir.

(85) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad cuideachtaí a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.

(86) Is cuideachtaí príobháideacha den chuid is mó a fhreastalaíonn ar earnáil an táirge lena mbaineann, amhail Tiandingfeng Non-wovens Co., Ltd. ([37]) agus Changde Tiandingfeng Non-wovens Co., Ltd. ([38]), a bhfuil an dá cheann acu faoi úinéireacht iomlán Tiandingfeng Holdings Co. Ltd., agus é féin faoi úinéireacht iomlán Beijing Oriental Yuhong Waterproof Technology Co. Ltd. ([39]), Hubei Bushi Non-Woven Co., Ltd ([40]), Jiangyin Huasicheng Nonwovens Co., Ltd ([41]) atá i seilbh Jiangsu Huahong Industrial Group Co. Ltd, nó Hebei Qianjin Non-Woven Group Co. Ltd. ([42]) Mar sin féin, tá méid mór úinéireachta stáit sna hearnálacha réamhtheachtacha i gcónaí, mar a bhfuil roinnt táirgeoirí TPE faoi úinéireacht iomlán nó pháirteach stáit, amhail Zhuhai China Resources Chemical Innovative Materials Co., Ltd (faoi úinéireacht iomlán China Resources Group, ar cuideachta faoi úinéireacht lárnach stáit é ([43])) nó Sinopec, ar táirgeoir aigéid theireatalaigh íonaithe (PTA) é – rud is príomhionchur chun TPE a tháirgeadh – atá faoi úinéireacht iomlán SASAC ar deireadh ([44]).

([33]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 153-171.
([34]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 204-205.
([35]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.
([36]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.
([37]) Féach: https://www.tdf.com.cn/About.html (arna rochtain an 11 Márta 2026).
([38]) Ibid.
([39]) Féach tuarascáil leathbhliana Beijing Oriental Yuhong Waterproof Technology Co. Ltd., lch. 192, le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2025/2025-8/2025-08-01/11273891.PDF, (arna rochtain an 11 Márta 2026).
([40]) Féach: http://www.hbbsfzzb.com/about/?95.html (arna rochtain an 11 Márta 2026).
([41]) Féach: http://huahong-group.com/?list/10.html (arna rochtain an 11 Márta 2026).
([42]) Féach: https://www.cnita.org.cn/hyfw/hydw/201709/t20170920_4316933.html (arna rochtain an 11 Márta 2026).
([43]) Féach: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2023/2023-4/2023-04-25/9052858.PDF (arna rochtain an 11 Márta 2026).
([44]) Féach: http://en.sasac.gov.cn/ (arna rochtain an 11 Márta 2026).

(87) Mar sin féin, tá idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([45]), agus éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí, go bunúsach, go mbíonn oibreoirí eacnamaíocha faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid a d'fhás struchtúir an Stáit agus an Pháirtí i dteannta a chéile sa tSín. Thairis sin, tá earnáil iomlán an táirge lena mbaineann faoi réir roinnt beartas rialtais. Ar an gcéad dul síos, áirítear TPE, ar ceann de phríomh-ionchuir TPE nascshníofa é, ar na hardábhair pheitriceimiceacha agus na hardábhair de chuid an tionscail éadroim a chumhdaítear leis an Treochlár 'Made in China 2025' ([46]).

(88) Thairis sin, liostaítear tionscal TPE i measc na dtionscal atá le spreagadh in Eagrán 2024 den Chatalóg Treorach maidir le Coigeartú Struchtúrach an Tionscail lena léirítear go bhfuil sé beartaithe ag na húdaráis timpeallacht rialála a chruthú atá fabhrach d'fhorbairt na hearnála agus a d'fhéadfadh an bealach a réiteach freisin do rochtain an tionscail ar mhaoiniú ([47]). An tráth céanna, liostaítear freisin táirgeoirí TPE a bhfuil acmhainneachtaí táirgeachta níos lú acu i measc na dtionscal srianta, rud a léiríonn go bhfuil sé beartaithe ag údaráis na Síne tionchar a imirt ar leagan amach an tionscail TPE: '*[t]áirgeadh traidisiúnta polaiméirithe leanúnach poileistir (TPE) lena mbaineann toilleadh líne aonair is lú ná 200 000 tonna in aghaidh na bliana*'.

(89) Thairis sin, leis an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hamhábhair ([48]) tugtar aghaidh go díreach ar an earnáil pheitriceimiceach trína rá '*[g]o gcothóimid, in earnálacha lena n-áirítear peitriceimiceáin agus ceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla agus ábhair thógála, roinnt fiontair cheannródaíocha sa slabhra tionscail a fheidhmeoidh ceannaireacht ar an éiceachóras agus a mbeidh croí-iomaíochas mar shaintréith acu, (...). Déanfar ról treorach na bpríomhfhiontar in earnálacha na gceimiceán agus na n-ábhar tógála a ghiaráil chun athchóiriú agus athstruchtúrú corparáideach a chur chun cinn,.*'.

(90) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([49]).

(91) Cónaidhm Thionscal Peitriceimiceán agus Ceimiceán na Síne ('*CPCIF*'), mar shampla, arb é comhlachas earnála an tionscail é. De réir Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CPCIF, '*glacann [an eagraíocht] leis an treoir ghairmiúil, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, a dhéanann eintitis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí agus, chomh maith leis sin, a dhéanann na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail*' ([50]). Is comhalta de CPCIF é Sinopec ([51]).

(92) Ina theannta sin, tá Comhlachas na Síne um Theicstílí Tionsclaíocha agus Fabraicí Neamhfhite ([52]) ('*CNITA*') ábhartha freisin maidir leis an táirge lena mbaineann. Sonraítear in Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CNITA '*[go] gcloíonn an comhlachas le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne, go mbunaíonn sé eagraíochtaí Páirtí, go ndéanann sé gníomhaíochtaí Páirtí', agus 'go nglacann sé le treoir ghnó agus maoirseacht an údaráis clárúcháin agus bainistíochta, an údaráis ceannaireachta um neartú an Pháirtí, agus na ranna bainistíochta tionscail ábhartha*' ([53]). Tá Tiandingfeng Holdings Co. Ltd ([54]) agus Hebei Qianjin Non-Woven Group ([55]) ina gcomhaltaí de CNITA.

(93) Dá bhrí sin, cuirtear cosc ar tháirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht bheartais agus treoraíochta.

([45]) Féach Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach an Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 47-50.

([46]) Féach, lch. 145 agus 147 den Treochlár '*Made in China 2025*' atá le fáil ag: https://www.cae.cn/cae/html/files/2015-10/29/20151029105822561730637.pdf (arna rochtain an 11 Márta 2026).

([47]) Féach, lgh. 45 agus 48 de Chatalóg Treorach 2024 maidir le coigeartú struchtúrach an tionscail atá le fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/t20231229_1362999.html (arna rochtain an 11 Márta 2026).

([48]) An 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hamhábhair, Ranna IV.2 agus VIII.1. Le fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html (arna rochtain an 11 Márta 2026).

([49]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 24-27.

([50]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661e27fb01661e386a3f0001?e=1 (arna rochtain an 11 Márta 2026).

([51]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/list/40288043661dc14701661ddbe0980010 (arna rochtain an 11 Márta 2026).

([52]) Féach: https://www.cnita.org.cn/ (arna rochtain an 11 Márta 2026).

([53]) Féach: https://www.cnita.org.cn/xhzc/xhzc/ (arna rochtain an 11 Márta 2026).

([54]) Féach: https://www.cnita.org.cn/hyfw/hydw/index_20.html (arna rochtain an 11 Márta 2026).

([55]) Féach: https://www.cnita.org.cn/hyfw/hydw/201709/t20170920_4316933.html (arna rochtain an 11 Márta 2026).

3.2.2.2. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí, rud a fhágann gur féidir leis an stát cur isteach ar phraghsanna nó ar chostais

(94) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an stáit i ngnólachtaí. Go deimhin, is bealach tábhachtach iad cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, faoi úinéireacht stáit agus phríobháideach araon, trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó.

(95) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta (ina bhfuil triúr comhaltaí, ar a laghad, de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear i mBunreacht an Pháirtí ([56])) agus soláthróidh an chuideachta na dálaí a theastaíonn le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

(96) Níor léir gur cloíodh leis an gceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([57]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([58]).

(97) In 2017 cheana féin, tuairiscíodh go raibh cealla den Pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí féin ([59]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, sna hearnálacha uile, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(98) De bhreis air sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua (*'na Treoirlínte'*) ([60]), rud a chuir le ról na gcoistí páirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(99) Luaitear an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: *'[n]í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin'*; agus luaitear i roinn III.6: *'[n]í mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus é a chur ar a gcumas do chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar a gcumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe'*. Cuirtear i dtábhacht sna Treoirlínte, mar sin, ról Pháirtí Cumannach na Síne agus féachtar leo le ról an Pháirtí a mhéadú i gcuideachtaí agus in eintitis eile na hearnála príobháidí ([61]).

(100) Deimhníodh san imscrúdú gur ann d'fhorluí idir poist bhainistíochta agus ballraíocht sa Pháirtí / feidhmeanna an Pháirtí san earnáil TPE nascshníofa freisin.

(101) Mar shampla de sin, tá beirt Leas-Uachtarán ([62]) ar Beijing Oriental Yuhong Waterproof Technology Co. Ltd ina gcomhaltaí de Pháirtí Cumannach na Síne freisin ([63]).

([56]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 40.
([57]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster*, [An Rás chun Cumhacht a Chomhdhlúthú agus chun Tubaiste a Chosc]; Foreign Affairs, imleabhar 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.
([58]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 41.
([59]) Le fáil ag: https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU.
([60]) Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an ….).
([61]) Financial Times (2020) - Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise: https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an ….).
([62]) Féach: https://www.yuhong.com.cn/about/Team/Executive/2019/0614/210.html (arna rochtain an 12 Márta 2026).
([63]) Féach tuarascáil bhliantúil 2016 Beijing Oriental Yuhong Waterproof Technology Co. Ltd., lch. 86, atá le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2017/2017-4/2017-04-21/3265799.PDF (arna rochtain an 12 Márta 2026).

(102) Thairis sin, bhunaigh Changde Tiandingfeng Non-wovens Co. Ltd. brainse den pháirtí in 2021 agus '*cloíonn sé leis an gceannaireacht um neartú an Pháirtí chun forbairt na cuideachta a threorú* ([64])*.*' Mar shampla, '*bhí ról ceannasach ag naonúr comhaltaí den pháirtí i dtáirgeadh, in oibríochtaí gnó agus i nuálaíocht theicneolaíoch*'. *Chomh maith leis sin, a mhéid a bhaineann le huasghrádú an tionscail, comhordaíonn eagraíocht an Pháirtí chun forbairt chomhordaithe shlabhra an tionscail réamhtheachtaigh agus iartheachtaigh a chur chun cinn* ([65])*.*'

(103) Mhol Coiste an Pháirtí le haghaidh Bhardas Changde an Brainse den Pháirtí in Changde Tiandingfeng Non-wovens Co. Ltd mar '*eagraíocht ardleibhéil Pháirtí de thionscnamh an phobail* ([66])*.*'

(104) Tá cur isteach Pháirtí Cumannach na Síne ar na cinntí gnó le feiceáil freisin sa tionscal réamhtheachtach mar is léir ó na comhduithe corparáideacha atá ar fáil. Tugtar le fios i dtuarascáil bhliantúil 2022 ó Sinopec Group, atá ina tháirgeoir ionchur chun TPE a tháirgeadh, '*[g]o gcuireann an chuideachta feabhas leanúnach ar cháilíocht na hoibre neartaithe páirtí, go n-ardaíonn sí meanma na bhfostaithe, go neartaíonn sí obair cigireachta agus maoirseachta smachta, go gcuidíonn sí leis an mbord stiúrthóirí cinntí agus socruithe éagsúla a chur chun feidhme go héifeachtach, agus go gcuireann sí forbairt ardcháilíochta na cuideachta chun cinn*' ([67]). Thairis sin, is é rúnaí an choiste Páirtí atá ina chathaoirleach ar bhord stiúrthóirí Sinopec Group agus feidhmíonn roinnt comhaltaí den bhord mar leasrúnaithe an choiste Páirtí ([68]). Dúirt Sinopec Group go bhfuil sé ar intinn aige '*díriú ar mhisean nua na cuideachta agus ar thascanna nua ar an turas nua, spiorad féin-réabhlóideach an pháirtí a thabhairt ar aghaidh, ceannaireacht an pháirtí agus tógáil an pháirtí a neartú ar bhealach ilfheidhmeach comhtháite, agus rialachas páirtí cuimsitheach agus dian a chur chun cinn go córasach, d'fhonn ráthaíocht láidir a sholáthar chun caibidil nua de thionscal peitriceimiceán nua-aimseartha na Síne a scríobh*' ([69]).

(105) Tá tionchar saofa breise ar an margadh mar gheall ar láithreacht agus idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin ([70]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an stáit i ngnólachtaí, san earnáil TPE nascshníofa agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

3.2.2.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir

(106) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh go leibhéal suntasach le córas casta pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór, leo. Is de chineál ceangailteach iad na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

(107) Ar an iomlán, is é an toradh ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha a bhfuil tábhacht pholaitiúil eile ag baint leo, de rogha ar na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([71]).

(108) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge lena mbaineann.

(109) Luaitear an tionscal TPE i dTreochlár '*Made in China 2025*' ([72]) mar earnáil atá le forbairt a thuilleadh, mar ardábhar peitriceimiceach agus mar ardábhar de chuid an tionscail éadroim freisin.

([64]) Féach: https://finance.sina.com.cn/jjxw/2025-11-28/doc-infyyany9813180.shtml?froms=ggmp (arna rochtain an 12 Márta 2026).
([65]) Ibid.
([66]) Féach: https://www.changde.gov.cn/cdzx/cdyw/content_78161700 (arna rochtain an 13 Márta 2026).
([67]) Féach: http://www.sinopec.com/u/cms/gfyw/202411/27092756kosx.pdf p. 26 (arna rochtain an 12 Márta 2025).
([68]) Féach: http://www.sinopecgroup.com/group/gsglc/index.shtml, (arna rochtain an 12 Márta 2026).
([69]) Féach: http://www.sinopecgroup.com/group/000/000/041/41878.shtml (arna rochtain an 12 Márta 2026).
([70]) Tuarascáil – Caibidil 14, Ranna 14.1 go 14.3.
([71]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100-, .
([72]) Féach: https://www.cae.cn/cae/html/files/2015-10/29/20151029105822561730637.pdf , lgh. 145 agus 147 (arna rochtain an 12 Márta 2026).

(110) Is é is aidhm don 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Peirspictíochtaí 2035 ([73]) *'tionscail thraidisiúnta a uasghrádú, barrfheabhsú agus coigeartú struchtúrach tionscal amhábhar amhail peitriceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla agus ábhair thógála a chur chun cinn, soláthar táirgí ardcháilíochta a leathnú in earnálacha amhail earnáil an tionscail éadroim agus an earnáil teicstíle, dlús a chur le claochlú agus uasghrádú fiontar i bpríomhthionscail amhail tionscal na gceimiceán agus an tionscal déanta páipéir, agus feabhas a chur ar an gcóras monaraíochta glas. ([74])'*

(111) De réir an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar ([75]), *'Cuirfear an plean maidir le leagan amach thionscal na bpeitriceimiceán i bhfeidhm agus beidh diantoirmeasc ar thionscadail nua xiléine agus eitiléine seachas na tionscadail sin a leagtar síos sa phlean. [...] Díreoidh [an tSín] ar na foréimsí nó ar na príomhtháirgí a bhfuil bunús láidir tionsclaíoch fúthu, ar bhuntáistí comparáideacha tábhachtacha agus ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha, d'fhonn deis gníomhaíochta iomlán a thabhairt don ról treorach atá ag príomhfhiontair sa slabhra tionsclaíoch, [...] agus d'fhonn baisc de bhraislí tionsclaíocha a fhorbairt i bpeitriceimiceáin, [...] in ábhair thógála ghlasa, agus in ábhair nua.'* ([76]).

(112) Ina theannta sin, ceanglaítear leis an Tuairim Threorach maidir le Forbairt Ardcháilíochta Thionscal na bPeitriceimiceán agus na gCeimiceán a Chur Chun Cinn ([77]) *'beartais earnála a neartú agus scála an tionscail a rialáil go heolaíoch: [...] acmhainneacht soláthair polaiméirí ardleibhéil, ceimiceán speisialtachta agus táirgí eile a fheabhsú'*; [...] chomh maith le *'[f]eabhas a chur ar bheartais tacaíochta: comhordú beartas fioscach, airgeadais, réigiúnach, infheistíochta, allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin, fuinnimh, éiceolaíoch, comhshaoil, praghais agus beartas eile le beartais thionsclaíocha a neartú. Deis gníomhaíochta iomlán a thabhairt don ról atá ag ardán comhair náisiúnta an tionscail maoinithe [...]'*.

(113) Ar an leibhéal cúigeach, le 14ú Plean Cúig Bliana Shandong maidir le forbairt thionscal na gceimiceán ([78]), iarrtar ar na húdaráis áitiúla *'[m]éadú a dhéanamh ar aistriú teicneolaíoch na bhfiontar atá ann cheana, feabhas a chur ar éifeachtúlacht úsáide fuinnimh agus acmhainní agus croí-iomaíochas na bhfiontar a fheabhsú. Sásra a bhunú d'fhiontair chun tarraingt siar ó pháirceanna tionsclaíochta, deireadh a chur go diongbháilte le hacmhainneacht táirgeachta atá dulta as feidhm, acmhainneacht táirgeachta shrianta a rialú go docht, agus beartais agus bearta difreáilte a chur chun feidhme maidir le leithdháileadh tosca acmhainní amhail talamh, leictreachas agus uisce chun iallach a chur ar fhiontair aistriú agus forbairt a dhéanamh'*. Iarrtar leis freisin go ndéanfaí *'[m]éadú ar an tacaíocht airgeadais. Dreasachtaí beartais fhioscaigh a neartú, cistí speisialta a chomhordú agus rannpháirt a thabhairt dóibh, tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí ceimiceán dlús a chur leis an gclaochlú teicneolaíoch, le claochlú cliste, le haistrithe tionsclaíocha, le hathlonnú i bpáirceanna tionsclaíochta, le deireadh a chur le trealamh atá dulta as feidhm, etc., agus díolúintí cánach a chur chun feidhme a mbeidh feidhm acu maidir le hallmhairí mórthrealaimh theicniúil, aisíocaíochtaí CBL agus beartais taighde agus forbartha amhail asbhaint bhreise costas agus cúitimh árachais i leith na chéad sraithe de threalamh teicniúil. Institiúidí airgeadais éagsúla agus caipiteal sóisialta a threorú go gníomhach chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscal na gceimiceán, na buntáistí a bhaineann le maoiniú beartais, maoiniú forbraíochta agus airgeadas tráchtála a ghiaráil, agus an tacaíocht airgeadais do phríomhréimsí teicneolaíochta ceimicí a mhéadú'*. Tá Tiandingfeng Non-wovens Co., Ltd ([79]) lonnaithe in Shandong.

(114) Thairis sin, le 14ú Plean Cúig Bliana Hunan maidir le tionscail straitéiseacha agus tionscail atá ag teacht chun cinn a fhorbairt ([80]), féachtar freisin le hábhair cheimiceacha nua a fhorbairt: *'rubair shintéiseacha nua, roisíní speisialtachta, plaistigh innealtóireachta ardfheidhmíochta agus ábhair pholaiméireacha eile a fhorbairt.'* Tá Changde Tiandingfeng Non-wovens Co. Ltd lonnaithe in Hunan, agus níos beaichte i gCrios Forbartha Tionsclaíochta Dongting Thiar i mBardas Changde, a d'eisigh plean cur chun feidhme 2022-2025 maidir le cúig cinn d'fheabhsuithe ([81]) lenar féachadh le *'tionscail cheannródaíocha a neartú, tionscail atá ag teacht chun cinn a leathnú agus tionscail amach anseo a*

([73]) Féach: https://www.gov.cn/xinwen/2021-03/13/content_5592681.htm (arna rochtain an 12 Márta 2026).
([74]) Ibid., Roinn III.8.
([75]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/content_5665166.htm (arna rochtain an 12 Márta 2026).
([76]) Ibid. Féach Roinn IV.2.
([77]) Féach: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/yj/art/2022/art_4ef438217a4548cb98c2d7f4f091d72e.html (arna rochtain an 13 Márta 2026).
([78]) Féach: http://gxt.shandong.gov.cn/module/download/downfile.jsp?classid=0&filename=17e54531cb74483596b5cca1a40ec8d8.pdf (arna rochtain an 12 Márta 2026).
([79]) Féach: https://www.tdf.com.cn/search.html?keywords=%E5%B1%B1%E4%B8%9C&appIds=all (arna rochtain an 13 Márta 2026).
([80]) Féach: http://www.hunan.gov.cn/xxgk/wjk/szfbgt/202108/t20210825_20396613.html (arna rochtain an 13 Márta 2026).
([81]) Féach: https://xdt.changde.gov.cn/zwgk/public/6617380/8364528.html (arna rochtain an 13 Márta 2026).

chothú [...agus], ar bhonn tionscadail mhórscála amhail Tiandingfeng, [le] roinnt tionscail réamhtheachtacha agus iartheachtacha a mhealladh chun slabhra tionsclaíoch a chruthú'. Chuige sin, '*chuidigh [údaráis West Dongting] le Changde Tiandingfeng Non-woven Co. Ltd. iarratas rathúil a dhéanamh ar thionscadal ciste speisialta an chúige um ionad barr feabhais ardmhonaraíochta a thógáil, ar thionscadal ciste speisialta an chúige um fhorbairt ardcháilíochta an tionscail dhigitigh agus ar fhiontar tagarmhairc monaraíochta cliste an chúige, etc., chun cuidiú le fiontair tacaíocht bheartais agus airgeadais a fháil* ([82]).

(115) Ina theannta sin, le 14ú Plean Cúig Bliana Hubei maidir le forbairt ardcháilíochta thionscal na n-ábhar nua ([83]) féachtar le haird a dhíriú ar phlaistigh innealtóireachta agus '*feabhas a chur ar leibhéal teicneolaíoch an tionscail le haghaidh plaistigh innealtóireachta ardfheidhmíochta amhail polocsaimeitiléin, roisín TPE / teireataláit pholabúitiléine, [...]*'.

(116) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha.

(117) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

3.2.2.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(118) De réir na faisnéise atá ann ar an gcomhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach ar bhonn leordhóthanach amhail éilimh agus fiacha a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiúchán córasach ina shaintréith de chóras na Síne.

(119) Tá an líon féimheachtaí fós thar a bheith íseal i gcomparáid le méid gheilleagar na tíre, go háirithe toisc go mbíonn roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, agus go bhfeidhmíonn na himeachtaí sin go héifeachtach mar dhídhreasú i gcomhair comhdú féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, is minic a imríonn an ról sin tionchar díreach ar thoradh na n-imeachtaí ([84]).

(120) Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ([85]). Is leis an Stát an talamh ar fad (talamh tuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht stáit) agus is ar an Stát amháin a bhraitheann leithdháileadh na talún fós. Tá forálacha dlíthiúla ann a bhfuil sé d'aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([86]). Thairis sin, saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh ([87]).

(121) Dála earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin san earnáil TPE nascshníofa. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú reatha a tharraingeodh amhras ar na torthaí sin.

([82]) Féach: https://www.changde.gov.cn/cdzx/qxdt/content_1085558 (arna rochtain an 13 Márta 2026).
([83]) Féach: https://jxt.hubei.gov.cn/fbjd/xxgkml/jhgh/202203/t20220325_4056642.shtml (arna rochtain an 13 Márta 2026).
([84]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 171-179.
([85]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 260-261.
([86]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 257-260.
([87]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 252-254.

(122) I bhfianaise an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

3.2.2.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá

(123) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar chearta oibrithe agus fostóirí maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin fíor-riachtanacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na coinbhinsiúin sin maidir le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([88]).

(124) Faoin dlí náisiúnta, níl ach ceardchumann ghníomhach amháin ann. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis stáit agus ní dhéanann sí ach obair an-bhunúsach maidir le cómhargáil agus cearta oibrithe a chosaint ([89]). Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta mar gheall ar chóras clárúcháin na dteaghlach, ar córas é a chuireann srian ar rochtain ar raon iomlán sochar slándála sóisialta agus sochar eile do chónaitheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin.

(125) Fágann sé sin go bhfuil oibrithe nach bhfuil an clárú cónaithe áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach ó thaobh fostaíochta de, agus iad ar ioncam níos ísle ná sealbhóirí an chlárúcháin cónaithe ([90]). Cuireann na torthaí sin saobhadh ar chostais pá sa tSín.

(126) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh an earnáil TPE nascshníofa faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar a dtugtar tuairisc. Leis an saobhadh ar chostais phá, déantar difear díreach dá réir sin don earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.2.2.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'

(127) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir cineálacha saofa éagsúla.

(128) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht stáit ([91]) i gcóras airgeadais na Síne, agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Dála na gcuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh thiar a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht stáit) ([92]) agus is gnách leo beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme.

(129) Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc oibleagáid dhlíthiúil shainráite maidir lena ngnó a sheoladh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta, idir eacnamaíoch agus sóisialta, agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an stáit ([93]). Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá ann gnáthiompar baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le hacmhainneacht creidmheasa an iasachtaí a scrúdú, tá faisnéis dhobhréagnaithe ann, lena n-áirítear torthaí in imscrúduithe cosanta trádála, a thugann le fios nach bhfuil ach ról tánaisteach ag na forálacha sin maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlíthiúla éagsúla.

(130) Léiríonn forbairtí le déanaí a mhéid a imríonn an rialtas tionchar ar institiúidí airgeadais sa tSín. I mí an Mhárta 2025, d'fhógair Rialtas na Síne eisiúint CNY 500 billiún i mbannaí státchiste chun tacaíocht airgeadais nach beag a sholáthar do bhainc mhóra, lena n-áirítear Bank of China, China Construction Bank, Bank of Communications agus Postal Savings Bank of China. Ba é ab aidhm don idirghabháil sin na hinstitiúidí sin a chobhsú agus brabúsacht ag dul i laghad agus glanchorrlaigh úis ní b'ísle ná riamh, rud a chuir i dtábhacht na bearta réamhghníomhacha a rinne an stát chun cobhsaíocht eacnamaíoch a choinneáil ar bun ([94]).

([88]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([89]) Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 366.
([90]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 370-373.
([91]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 137-140.
([92]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 146-149.
([93]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 149.
([94]) Tacaíocht ad hoc Rialtas na Síne do Bhainc,' Fógra oifigiúil, an Aireacht Airgeadais, an tSín, an 29 Márta 2025 https://www.mof.gov.cn/zhengwuxinxi/caizhengxinwen/202503/t20250329_3961036.htm (arna rochtain an 12 Márta 2026).

(131) Chomh maith leis sin, shoiléirigh Rialtas na Síne freisin nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí na mbanc tráchtála príobháideach fiú agus na cinntí sin a bheith i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is é atá i gceann amháin de na trí sprioc uileghabhálacha de chuid an Stáit anois maidir le rialachas baincéireachta, ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([95]). Chomh maith leis sin, is gá a chur san áireamh anois i gcritéir mheastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go háirithe, an chaoi a ndéanann eintitis '*freastal ar na cuspóirí náisiúnta forbartha agus ar an bhfiorgheilleagar*', agus go háirithe ar an gcaoi '*a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá i mbéal forbartha*' ([96]).

(132) Ina theannta sin, ar leibhéal leithdháilte na n-acmhainní airgeadais, le roinnt Beart chun Forbairt na hInfheistíochta Príobháidí a Chur Chun Cinn a Thuilleadh ([97]), féachann Rialtas na Síne le '*hacmhainní buiséid lárnacha a mhéadú chun tacú le tionscadail infheistíochta príobháidí cháilithe agus ról treorach agus ceannasach a imirt go gníomhach*'. Tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne freisin '*dea-úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais beartais nua [agus] tacú le roinnt tionscadal infheistíochta príobháidí cháilithe i dtionscail thábhachtacha agus i bpríomhréimsí*' ([98]).

(133) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca, agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ([99]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar ag spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([100]). Bíonn claonadh ann dá bharr sin i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí faoi úinéireacht Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht chaipitil agus costas an chaipitil do na gníomhaithe uile ar an margadh.

(134) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach n-oibríonn na sásraí atá ann sa chóras baincéireachta de réir gnáthfhreagairtí tráchtála.

(135) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach iad faoi thionchar saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas. Maidir leis an sciar den iasachtú de réir an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is é a bhí i gceist leis aon trian ar a laghad den iasachtú ar fad ag deireadh 2018 ([101]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr an Páirtí '*ráta úis don mhargadh iasachtaí a threorú thíos*' ([102]). De thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.

(136) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtúlaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud a mbeadh coinne leis i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, sin nó úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh deireadh curtha le fadhb fhoriomlán an fhiachais ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

([95]) Féach an doiciméad oifigiúil beartais ó Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne an 28 Lúnasa 2020: *Three-year action plan for improving corporate governance of the banking and insurance sectors (2020-2022)*: http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna rochtain an 8 Aibreán 2024). Tugtar treoir sa Phlean '*an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn*'. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: '*déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta […] Ní mór do Choiste an Pháirtí saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula ndéanfaidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach cinneadh maidir leo*'.

([96]) Féach *Fógra CBIRC maidir leis an modh meastóireachta ar fheidhmíocht na mbanc tráchtála*, a eisíodh an 15 Nollaig 2020: http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm .

([97]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/content/202511/content_7047643.htm (arna rochtain an 12 Nollaig 2025).

([98]) Ibid, Roinn 11.

([99]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 157-158.

([100]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.

([101]) ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 29, le fáil ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en.

([102]) http://www.mof.gov.cn/zhengwuxinxi/caizhengxinwen/202006/t20200618_3534446.htm (arna rochtain an 13 Márta 2026).

(137) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleathan leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil shuntasach rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

(138) Níor cuireadh isteach aon fhianaise san imscrúdú sin a léireodh nach gcuireann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais isteach ar earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil shuntasach rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.2.3. *Gné shistéamach an tsaofa a dtugtar tuairisc air*

(139) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a shonraítear thuas agus i gCuid I den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta.

(140) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go bhfuil na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna arna lua roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnála. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an saobhadh sin thuas, go háirithe in aithrisí 67 go 138. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí TPE nascshníofa faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(141) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta.

(142) Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha ón rialtas a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá maidir le hionchur an ionchuir agus mar sin de.

(143) Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

3.2.4. *Argóintí ó na páirtithe leasmhara*

(144) Tuigtear ó aithris (36) nár chaith aon pháirtí amhras ar úsáid Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán per se, agus nár chomhoibrigh Rialtas na Síne leis an imscrúdú.

3.2.5. *Conclúid*

(145) Léirítear san anailís a leagtar amach sa chuid seo, lena n-áirítear scrúdú ar an bhfianaise uile atá ar fáil a bhaineann le hidirghabháil na Síne ina geilleagar féin i gcoitinne agus in earnáil an táirge lena mbaineann, nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna agus costais an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shuntasach ón rialtas orthu de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha atá liostaithe ann.

(146) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí sa chás sin.

(147) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a shuí go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a shonraítear sa roinn seo a leanas.

3.2.6. *Tír ionadaíoch*

3.2.6.1. Barúlacha ginearálta

(148) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([103]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch;

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(149) Mar a mhínítear in aithris (39), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta don chomhad maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha.

3.2.6.2. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín

(150) Sa chéad nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh agus chuir sé liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothair agus fuinneamh. Shainaithin sé freisin tíortha a d'fhéadfadh a bheith mar thíortha ionadaíocha.

(151) De réir staitisticí allmhairiúcháin maidir le hamhábhair, fuarthas allmhairí na dtosca táirgeachta is gá chun TPE nascshníofa a tháirgeadh san Indinéis, sa Téalainn agus sa Tuirc, ar chomhlíon gach ceann acu na critéir a leagtar amach in 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Meastar freisin gur dócha go dtáirgtear TPE nascshníofa sna trí thír sin.

(152) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tíortha a sainaithníodh sa chéad nóta i dtaca leis an leibhéal forbartha eacnamaíche. Mar sin féin, thug roinnt páirtithe barúlacha maidir le hiontaofacht na bpraghsanna i gcás tosca táirgeachta áirithe i ngach ceann de na tíortha, a dtugtar aghaidh orthu sna haithrisí thíos.

(153) Sa dara nóta maidir le tosca táirgeachta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Téalainn a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.2.6.2.1. an Téalainn

(154) Mar fhreagairt ar an gCéad Nóta, rinne Changde Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd agus Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd, (tugtar 'TDF Group' ar an dá cheann dheireanacha sin feasta) argóint i bhfabhar na Tuirce in ionad na Téalainne mar thír ionadaíoch toisc go mbeadh allmhairí sliseanna TPE sa Tuirc ní b'éagsúlaithe agus ní b'airde ó thaobh méide de agus go bhfoinseofaí go príomha iad ó thíortha a bhfuil geilleagar margaidh acu, agus, dá bhrí sin, go mbeidís ní b'ionadaíche ar phraghsanna margaidh neamhshaofa.

([103]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

(155) D'áitigh Hubei Unibon nonwovens Co Ltd ('Unibon') nach bhfuil an Téalainn iomchuí mar thír ionadaíoch toisc go mbeadh allmhairí sliseanna TPE isteach sa tír sin saofa mar gheall ar an gcuid mhór allmhairí sliseanna TPE de thionscnamh na Síne, agus an meánphraghas allmhairiúcháin ó thíortha eile i bhfad níos airde ná mar atá sa dá thír ionadaíocha ionchasacha eile. Mhaígh Unibon go léireodh na praghsanna sin gur sliseanna TPE de ghrád speisialta nó neamhthipiciúil den chuid is mó iad na hallmhairí Téalannacha nach ón tSín iad agus, dá bhrí sin, nach féidir iad a mheas a bheith ina dtagarmharc caighdeánach le haghaidh sliseanna TPE a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú.

(156) Sa Dara Nóta, thug an Coimisiún dá aire gur de thionscnamh na Síne cuid mhór den mhéid iomlán sliseanna TPE a allmhairíodh isteach sa Téalainn agus sa Tuirc araon. Mar sin féin, mar a mhínítear sa Chéad Nóta, mheas an Coimisiún gur cosúil go ndéanann an méid mór sliseanna TPE de thionscnamh na Síne a bhfuil a bpraghsanna saofa difear do phraghsanna allmhairiúcháin sliseanna TPE isteach sa Tuirc nach sliseanna de thionscnamh na Síne iad, ach nach cosúil go bhfuil sé sin amhlaidh sa Téalainn.

(157) Mar fhreagairt ar an Dara Nóta, d'athdhearbhaigh Unibon a argóint nach tír ionadaíoch oiriúnach í an Téalainn, agus d'áitigh sé gur cheart sliseanna TPE a bheith ina dtoisc chinntitheach sa mheasúnú sin. D'áitigh sé gur glan-onnmhaireoir sliseanna TPE í an Téalainn, ach go bhfuil staid trádála níos cothroime san Indinéis agus go mbeadh sí ní b'iomchuí mar thagarmharc dá bhrí sin. Mhaígh Unibon thairis sin gur cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ní hamháin ar sciar na n-allmhairí de thionscnamh na Síne ach ar dhearbhmhéideanna na n-allmhairí freisin. Ar deireadh, maidir leis na praghsanna allmhairiúcháin i bhfad níos airde ar shliseanna TPE isteach sa Téalainn i gcomparáid leis an Indinéis agus an Tuirc, líomhain sé go léiríonn siad sin go mbaineann na táirgí a allmhairítear isteach sa Téalainn le catagóir shonrach agus, dá bhrí sin, nach bhfuil siad ionadaíoch.

(158) Thug an Coimisiún dá aire gur dócha go bhfuil praghsanna allmhairiúcháin níos airde ar shliseanna TPE isteach sa Téalainn inchurtha i leith an chion níos ísle d'allmhairí de thionscnamh na Síne, rud a fhágann go bhfuil sciar níos mó d'allmhairí ó thríú tíortha eile ar phraghsanna margadhbhunaithe. I ndáil leis sin, is táscaire níos ábhartha ar iontaofacht praghsanna é sciar coibhneasta na n-allmhairí ón gcuid eile den domhan i gcomparáid leo siúd ón tSín ná dearbhmhéideanna na n-allmhairí. Ós rud é go mbíonn méideanna na n-allmhairí sliseanna TPE isteach sa Téalainn réasúnta ard i gcónaí, is bonn níos iomchuí chun tagarmharc neamhshaofa a bhunú é struchtúr foinsithe éagsúlaithe a bhfuil neamhchosaint theoranta aige ar allmhairí a d'fhéadfadh a bheith saofa.

(159) Thug an Coimisiún dá aire nár sainaithníodh san imscrúdú aon srian trádála sonrach ná aon saobhadh sonrach ar shliseanna TPE a d'fhágfadh go mbeadh an Téalainn mí-oiriúnach mar thír ionadaíoch. An Téalainn a bheith ina glan-onnmhaireoir sliseanna TPE, níor léirigh an méid sin ann féin go bhfuil a praghsanna allmhairiúcháin neamhghnách nó míchuí chun críoch tagarmharcála. A mhalairt ar fad, mar go mbíonn allmhairí in iomaíocht le sliseanna TPE a tháirgtear sa bhaile.

(160) D'áitigh Unibon thairis sin gur cheart árachas agus dleachtanna allmhairiúcháin a eisiamh ó na praghsanna tagarmhairc a úsáidtear. Dar leis, ní thabhaíonn sliseanna TPE a dhíoltar ar an margadh intíre na costais sin, agus is sa bhaile a mhonaraítear formhór na sliseanna TPE a dhíoltar sa Téalainn agus, dá bhrí sin, ní íoctar costais árachais ná dleachta allmhairiúcháin ina leith.

(161) A mhéid a bhaineann le hárachas agus dleachtanna allmhairiúcháin a eisiamh, bhí an gnáthluach bunaithe ar staitisticí allmhairiúcháin ó GTA, agus suíodh na dleachtanna allmhairiúcháin is infheidhme trí úsáid a bhaint as MacMap. De réir an tsainmhínithe, áirítear sna praghsanna allmhairiúcháin sin, i gcás inarb infheidhme, dleachtanna allmhairiúcháin agus costais ghaolmhara allmhairiúcháin. Dá bhrí sin, is gné dhílis den mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm iad a áireamh.

(162) Thairis sin, mar fhreagairt ar an Dara Nóta, d'áitigh na gearánaigh go raibh an tagarmharc saothair, a dhíorthaítear ó Bhanc na Téalainne agus a áirítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Dara Nóta i bhfad ró-íseal agus nár léirigh sé go cruinn na costais saothair iarbhír sa Téalainn. D'áitigh sé go bhfuil an figiúr sin go mór faoi bhun na gcostas saothair a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm i dtíortha ionadaíocha eile ard-mheánioncaim. D'iarr na gearánaigh ar an gCoimisiún an tagarmharc costais saothair a choigeartú trí shonraí costais saothair níos airde a úsáid le haghaidh 'poist innealtóireachta' arna bhfoilsiú ag Bord Infheistíochta na Téalainne, a mheasann siad a bheith ina fhoinse níos iomchuí agus níos ionadaíche.

(163) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh an tagarmharc níos ísle ná mar is gnách i bhfianaise na bhfeidhmeanna iarbhír a dhéanann an lucht saothair lena mbaineann sa phróiseas táirgthe. Thairis sin, bhí leibhéal an tagarmhairc inchomparáide den chuid is mó le sonraí costas saothair arna dtuairisciú ag foinsí staidrimh idirnáisiúnta eile agus, dá bhrí sin, níorbh fhéidir a mheas go raibh sé neamhionadaíoch ná míchuí chun gnáthluach a ríomh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(164) Mar gheall ar an easpa sonraí allmhairiúcháin iontaofa maidir le gual ligníte sa Téalainn, toisc go dtagann na hallmhairí uile ó Laos, thug an Coimisiún le fios sa Dara Nóta go raibh sé beartaithe aige an tagarmharc le haghaidh gual ligníte a shuí agus úsáid á baint as praghsanna guail ligníte do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Téalainn arna bhfoilsiú ag Oifig um Beartas agus Pleanáil Fuinnimh na hAireachta Fuinnimh. Bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí is déanaí a bhaineann le 2024 mar thagarmharc.

(165) Mar fhreagairt ar an Dara Nóta, d'áitigh Unibon gur cheart an praghas tagarmhairc le haghaidh gual ligníte a bheith bunaithe ar shonraí allmhairiúcháin custaim na Téalainne faoi CC 2702 10 seachas ar na staitisticí guail intíre. Mhaígh Unibon nach ndéanann na staitisticí intíre idirdhealú idir lignít agus cineálacha eile guail agus nach soláthraíonn siad ach meánphraghas ar chatagóir leathan guail, d'ainneoin difríochtaí móra i luach calrach agus in airíonna eile a mbíonn éagothromaíochtaí substaintiúla praghsanna mar thoradh orthu. Mhaígh Unibon thairis sin gurb é cleachtas comhsheasmhach an Choimisiúin a bheith ag brath ar shonraí custaim na tíre ionadaíche atá ar fáil go poiblí chun tosca táirgeachta a luacháil agus líomhain sé nach bhfuil aon údar le himeacht ón gcur chuige sin sa chás seo, go háirithe ós rud é go gcoinníonn an Téalainn staitisticí allmhairiúcháin táirgeshonracha maidir le gual ligníte ar bun, go dtaifeadann sí méideanna móra allmhairí agus go bhfoinsíonn sí na hallmhairí sin ó thíortha a bhfuil geilleagar margaidh acu, rud a áirithíonn, dar leis, go bhfuil na praghsanna neamhshaofa agus ionadaíoch.

(166) Thug an Coimisiún dá aire, cé go bhfuil sonraí custaim na Téalainne faoi chód CC 2702 10 ar fáil, go dtagann na hallmhairí taifeadta nach mór go heisiach ó thír chomharsanachta aonair, is é sin Laos, agus dá bhrí sin nárbh fhéidir a mheas go bhfuil siad ionadaíoch go leordhóthanach ar mhargadh iomaíoch éagsúlaithe. Bhí comhchruinniú ard an tsoláthair i dtír thionscnaimh amháin ina ábhar imní a mhéid a bhaineann le hiontaofacht an phraghais allmhairiúcháin mar thagarmharc iomchuí. Thairis sin, i bhfianaise shaintréithe fisiceacha sonracha na ligníte, go háirithe a luach calrach íseal agus a cion ard taise, bíonn an t-iompar fadraoin neamheacnamaíoch go ginearálta. ([104]) Dá thoradh sin, is dócha go léiríonn staitisticí allmhairiúcháin idirbhearta teoranta trasteorann arb í an ghaireacht gheografach a spreagann iad seachas praghsanna arna bhfoirmiú faoi dhálaí margaidh níos leithne. Sna himthosca sin, dheimhnigh an Coimisiún nárbh iad na sonraí allmhairiúcháin an bonn luachála ab oiriúnaí don toisc tháirgeachta sin.

(167) Ar deireadh, mhaígh na gearánaigh freisin go ndealraíonn sé go raibh praghsanna allmhairiúcháin stáirse arbhair Indiaigh sa Téalainn ró-íseal chun léiriú a thabhairt ar phraghsanna stáirse arbhair Indiaigh modhnaithe a úsáidtear i dtáirgeadh TPE nascshníofa. Sa chomhthéacs sin, d'áitigh siad gur dócha gurb é an meascán táirgí a chumhdaítear leis an gcód AC ábhartha is cúis leis sin, a n-áirítear stáirse arbhair Indiaigh modhnaithe (a úsáidtear i dtáirgeadh TPE nascshníofa) agus stáirse arbhair Indiaigh neamh-mhodhnaithe (nach n-úsáidtear i dtáirgeadh TPE nascshníofa) araon ann. Dá bhrí sin, d'áitigh táirgeoirí an Aontais gur cheart don Choimisiún coigeartuithe iomchuí a dhéanamh chun an difríocht sin a chur san áireamh.

(168) Thug an Coimisiún dá aire an maíomh ó tháirgeoirí an Aontais maidir le stáirse arbhair Indiaigh modhnaithe a bheith á úsáid i dtáirgeadh TPE nascshníofa agus leibhéal phraghsanna allmhairiúcháin na Téalainne. Níor sholáthair táirgeoirí an Aontais fianaise leordhóthanach chun bunús a thabhairt leis na maímh sin, áfach. Dá réir sin, ní dhearnadh aon choigeartú ar phraghsanna allmhairiúcháin stáirse arbhair Indiaigh na Téalainne.

3.2.6.2.2. an Tuirc

(169) Mar fhreagairt ar an gCéad Nóta, d'áitigh TDF Group go bhfuil allmhairí príomhthosca táirgeachta na Tuirce, go háirithe sliseanna TPE, níos ionadaíche agus níos mó faoi thionchar an mhargaidh ná allmhairí na Téalainne. Níl sna hallmhairí ón tSín ach níos lú ná leath d'allmhairí sliseanna TPE na Tuirce, agus thabharfadh foinsiú ó raon leathan tíortha a bhfuil geilleagar margaidh acu le fios go léiríonn praghsanna dálaí an mhargaidh idirnáisiúnta. D'áitigh TDF Group nach léiríonn leibhéil praghsanna iontu féin saobhadh agus gur cheart méideanna ionadaíocha allmhairí a bheith ina dtoisc chinntitheach in anailís an Choimisiúin, go háirithe ós rud é gur bhain thart ar 50 % de chostas táirgthe iomlán an táirge faoi imscrúdú le sliseanna TPE. Mhaígh sé, dá bhrí sin, gur tagarmharc níos iontaofa iad méideanna allmhairí na Tuirce nach ón tSín iad, ar méideanna níos mó agus níos éagsúlaithe iad. D'áitigh an chuideachta freisin nár cheart an Tuirc a dhícháiliú i ngeall ar easpa allmhairí ligníte, toisc go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin agus úsáid á baint as sonraí ó thíortha eile.

(170) Os a choinne sin, d'áitigh Unibon nach bhfuil an Tuirc chomh hiomchuí sin mar thír ionadaíoch mar gheall ar a timpeallacht amhábhar atá thar a bheith saofa, ar éagobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a dhéanann difear do chostais saothair in aghaidh an aonaid táirgthe, do chostais fuinnimh agus do chóimheasa speansas airgeadais, agus ar easpa sonraí airgeadais iomchuí.

([104]) https://euracoal.eu/coal/why-is-there-no-lignite-market/. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 10 Aibreán 2026.

(171) Sa Dara Nóta, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil patrúin allmhairiúcháin chomhchosúla le sonrú i gcás na Téalainne agus na Tuirce araon, agus allmhairí móra sliseanna TPE de thionscnamh na Síne ann. Mar sin féin, mar a mhínítear sa Chéad Nóta agus in aithris 156 thuas freisin, mheas an Coimisiún gur cosúil go ndéanann an méid mór sliseanna TPE de thionscnamh na Síne a bhfuil a bpraghsanna saofa difear do phraghsanna allmhairiúcháin sliseanna TPE isteach sa Tuirc nach sliseanna de thionscnamh na Síne iad.

(172) Rinne an Coimisiún tuilleadh anailíse ar allmhairí an phríomh-amhábhair, is é sin sliseanna TPE, agus scrúdú ar na sonraí allmhairiúcháin ar leibhéal níos mionsonraithe chun go sainaithneofaí na cineálacha sliseanna TPE a úsáidtear i dtáirgeadh TPE nascshníofa. Mar sin féin, murab ionann agus an Téalainn agus an Indinéis, ní dhéantar idirdhealú i sceideal taraifí na Tuirce idir cóid éagsúla ocht ndigit faoi CC 3907 69.

(173) Tar éis fhoilsiú an Chéad Nóta, shainaithin an Coimisiún freisin go bhfuil bearta coimirce i bhfeidhm ag an Tuirc lena gcumhdaítear allmhairí sliseanna TPE a aicmítear faoi chód CC 3907 69 ([105]). Tá na bearta i bhfeidhm ó bhí an 11 Meitheamh 2020 ann. Chinn an Coimisiún go ndéanann na bearta coimirce maidir le sliseanna TPE saobhadh ar phraghsanna allmhairiúcháin an phríomh-amhábhair sin, rud a fhágann nach bhfuil an Tuirc chomh hoiriúnach céanna mar thír ionadaíoch.

(174) Sa Chéad Nóta, thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon allmhaire guail ligníte isteach sa Tuirc. D'áitigh TDF Group nár cheart bac a chur ar roghnú na Tuirce mar thír ionadaíoch dá dheasca sin. Mheabhraigh TDF Group, i gcásanna roimhe seo nach raibh méideanna allmhairí tosca táirgeachta áirithe ag tír ionadaíoch, gur thug sé aghaidh ar an tsaincheist sin trí phraghsanna allmhairiúcháin ó thír ionadaíoch eile a úsáid chun an gnáthluach a ríomh.

(175) Thug an Coimisiún dá aire na barúlacha ó TDF Group agus d'aontaigh sé, in éagmais tagarmharc allmhairiúcháin iontaofa, go bhféadfar praghsanna, costais nó tagarmharcanna idirnáisiúnta neamhshaofa a chur i bhfeidhm dá roghnófaí an Tuirc mar an tír ionadaíoch.

3.2.6.2.3. an Indinéis

(176) Mar fhreagra ar an gCéad Nóta, mheas Unibon gurb í an Indinéis an tír ionadaíoch is iomchuí agus é á mhaíomh go príomha go bhfuil an foinsiú is cothroime ag an Indinéis agus an foinsiú is lú saobhadh ar an bpríomhthoisc táirgeachta, is é sin sliseanna TPE. D'áitigh sé go bhfuil patrún allmhairiúcháin na hIndinéise roinnte go cothrom idir foinsí Síneacha agus foinsí nach foinsí Síneacha iad, rud a laghdaíonn an riosca go n-imreodh praghsáil na Síne tionchar indíreach ar phraghsanna 'ón gcuid eile den domhan'. Murab ionann agus an Indinéis, bheadh forlámhas mór ag sliseanna de thionscnamh na Síne ar allmhairí sliseanna TPE na Téalainne, agus áirítear i struchtúr na Tuirce allmhairí ó thíortha nach baill den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) iad, rud a bheadh ina chúis le tuilleadh ábhar imní maidir le saobhadh. Mar sin féin, níor thug Unibon bunús leis an maíomh sin ná níor sholáthair sé fianaise bhreise chun tacú leis.

(177) Mhaígh Unibon thairis sin go bhfuil na bearnaí i sonraí tosca táirgeachta na hIndinéise teoranta agus gur féidir aghaidh a thabhairt orthu go héasca e.g. ní easnamh sonraí atá san easpa allmhairí guail ligníte ach léiriú ar neamhthuilleamaíocht na hIndinéise mar mhórtháirgeoir guail, agus tá praghsanna tagarmhairc guail le fáil ó fhoilseacháin aitheanta sa mhargadh intíre, agus is leordhóthanach scála tráchtála na n-allmhairí snáithíní gloine gan iad siúd ón tSín a áireamh.

(178) Sa Dara Nóta, thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil sna hallmhairí snáithíní gloine ón gcuid eile den domhan isteach san Indinéis ach 3,28 % d'iomlán na n-allmhairí snáithíní gloine agus gur de thionscnamh na Síne an 96,72 % eile díobh. Is léir, dá bhrí sin, gur dócha gur imir allmhairí ón tSín tionchar ar na hallmhairí snáithíní gloine ón gcuid eile den domhan. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh Unibon.

(179) Thug an Coimisiún dá aire na barúlacha ó Unibon agus d'aontaigh sé, in éagmais tagarmharc allmhairiúcháin iontaofa, go bhféadfar praghsanna, costais nó tagarmharcanna idirnáisiúnta neamhshaofa a chur i bhfeidhm dá roghnófaí an Indinéis mar an tír ionadaíoch.

([105]) https://docs.wto.org/dol2fe/Pages/FE_Search/FE_S_S006.aspx?DataSource=Cat&query=@Symbol=%22G/SG/N/6/TUR/27%22%20OR%20@Symbol=%22G/SG/N/6/TUR/27/*%22&Language=English&Context=ScriptedSearches&languageUIChanged=true.

3.2.6.2.4. Conclúid maidir leis an leibhéal forbartha eacnamaíche a bheith comhchosúil leis an tSín

(180) Agus argóintí na bpáirtithe maidir leis an gCéad Nóta agus an Dara Nóta á gcur san áireamh, mheas an Coimisiún gurbh í an Téalainn an tír ionadaíoch is iomchuí a chomhlíon an critéar go mbeadh leibhéil forbartha eacnamaíche comhchosúil leis an tSín ag an tír ionadaíoch.

3.2.6.3. Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch

(181) Rinne an Coimisiún imscrúdú ar na sonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca le haghaidh na dtrí thír a sainaithníodh sa Chéad Nóta, i.e. an Indinéis, an Téalainn agus an Tuirc.

(182) Sa Chéad Nóta, shainaithin an Coimisiún ráitis airgeadais a bhí ar fáil go héasca le haghaidh trí cinn de tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú i dtíortha ionadaíocha a raibh leibhéal réasúnta brabúsachta acu sa tréimhse is déanaí agus is cóngaraí don tréimhse imscrúdúcháin agus is féidir.

(183) D'áitigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin Unibon agus TDF Group araon nach raibh an Téalainn iomchuí mar thír ionadaíoch toisc nár sholáthair an dá chuideachta Théalannacha a breithníodh, is iad sin Thai Unitika Spunbond Co., Ltd. agus Narula Nonwoven Co. Ltd., sonraí iontaofa.

(184) Chuir Unibon in iúl go raibh brabúsacht Thai Unitika Spunbond fíorard agus neamhrialta, rud a léiríonn míreanna eisceachtúla nó neamhoibríochtúla seachas gnáthfheidhmíocht thionsclaíoch. Os a choinne sin, bhí corrlach brabúis fíoríseal ag Narula Nonwoven. Tháinig Unibon ar an gconclúid go dtugann an chodarsnacht láidir sin le fios nach bhfuil sonraí airgeadais cobhsaí ná réasúnta ó thaobh tráchtála de ag an Téalainn maidir le táirgeadh TPE nascshníofa, rud a fhágann go bhfuil aon tagarmharc a dhíorthaítear ón dá chuideachta sin thar a bheith saofa.

(185) Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh TDF Group freisin gur cheart neamhaird a thabhairt ar shonraí airgeadais 2025 Thai Unitika Spunbond Co., Ltd. toisc nach raibh siad ina mbonn iomchuí le haghaidh tagarmharcanna. Mheas TDF Group go raibh an méadú urghnách ar ioncam iomlán, a bhí ní ba mhó ná trí oiread a ioncaim ó Dhíolacháin agus Seirbhísí lúide costas na n-earraí a díoladh, ina léiriú ar ioncam eile eisceachtúil seachas ar ghnáthfheidhmíocht oibríochtúil.

(186) Mar mhalairt air sin, mhaígh Unibon gur sholáthair an Indinéis sonraí airgeadais iontaofa táirgeshonracha ó tháirgeoir iarbhír TPE nascshníofa, is é sin PT Multi Spunindo Jaya Tbk, a léiríonn a ráitis airgeadais iniúchta costais díola, ghinearálta agus riaracháin atá réasúnta ó thaobh tráchtála de agus leibhéil bhrabúis atá comhsheasmhach le gnáthoibríochtaí tionsclaíocha.

(187) Mhaígh TDF Group go raibh bonn tionscail níos leithne agus níos ionadaíche ag an Tuirc, agus ocht dtáirgeoir sainaitheanta TPE nascshníofa ann i gcomparáid le dhá tháirgeoir sa Téalainn agus táirgeoir amháin san Indinéis. D'admhaigh TDF Group go bhféadfadh sonraí airgeadais cuideachta-shonracha a bheith teoranta i gcás táirgeoirí Turcacha, agus mhol sé don Choimisiún sonraí airgeadais earnála a úsáid ina n-ionad.

(188) D'aontaigh an Coimisiún le TDF Group agus le Unibon araon nach raibh na sonraí airgeadais a bhaineann le cuideachtaí na Téalainne oiriúnach. Bhí sonraí airgeadais Thai Unitika Spunbond Co., Ltd. agus Narula Nonwoven Co., Ltd. thar a bheith neamhréireach agus níor léirigh siad gnáthfheidhmíochtaí tionsclaíocha, agus luaineachtaí fíormhóra ann ar bhrabúsacht agus ar ioncam arna spreagadh ag míreanna eisceachtúla.

(189) Thug an Coimisiún barúil TDF Group dá aire maidir le húsáid sonraí earnála, ach d'fhéadfadh táirgeoirí seachas iad siúd a mhonaraíonn TPE nascshníofa a bheith sna sonraí earnála, amhail táirgeoirí teicstíle a bhfuil réimsí táirgí nó anailísí costais éagsúla acu. Dá n-úsáidfí sonraí comhiomlánaithe den sórt sin, bheadh an baol ann go dtabharfaí bréagléiriú ar anailís chostais agus brabúsacht iarbhír na deighleoige TPE nascshníofa.

(190) D'aontaigh an Coimisiún le maíomh Unibon, as measc na dtáirgeoirí TPE nascshníofa a sainaithníodh sna tíortha ionadaíocha, gur léirigh PT Multi Spunindo Jaya Tbk (an Indinéis) na costais díola, ghinearálta agus riaracháin is cruinne agus leibhéil bhrabúis atá comhsheasmhach le gnáthoibríochtaí tionsclaíocha.

(191) Ina fhreagra ar an Dara Nóta, d'áitigh Unibon go raibh sé míchuí sonraí tosca táirgeachta ón Téalainn a chomhcheangal le cóimheasa airgeadais ón Indinéis, toisc go mbristear comhsheasmhacht inmheánach ríomh an ghnáthluacha má úsáidtear dhá thír ionadaíocha éagsúla agus go ndéantar an toradh a shaobhadh dá dheasca, dar leis. D'áitigh sé gur cheart don Choimisiún, ina ionad sin, brath ar thír ionadaíoch aonair le haghaidh praghsanna tosca táirgeachta agus sonraí airgeadais araon agus d'áitigh sé gurbh í an Indinéis an rogha ab iomchuí.

(192) I gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, i gcás ina ndeimhnítear gur ann do shaobhadh suntasach, ba cheart don Choimisiún an gnáthluach a ríomh trí úsáid a bhaint as costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna agus tagarmharcanna neamhshaofa. Áirítear ar na foinsí a fhéadfaidh an Coimisiún a úsáid na costais chomhfhreagracha táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, ar choinníoll go bhfuil na sonraí ábhartha ar fáil go héasca. Mar a mhínítear go mionsonraithe thuas, mheas an Coimisiún gur tír ionadaíoch iomchuí í an Téalainn a chuir ar a cumas brath ar a costais agus ar a praghsanna le haghaidh thosca táirgeachta uile an táirge faoi imscrúdú. Mar sin féin, ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar shonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca ó tháirgeoirí TPE nascshníofa na Téalainne chun méid neamhshaofa agus réasúnta na gcostas SGA agus an bhrabúis a ríomh. Ar an gcúis sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí méid neamhshaofa agus réasúnta chostais SG &A agus brabús a shuí ar bhonn sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca ó tháirgeoir TPE nascshníofa san Indinéis.

3.2.6.4. Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(193) Tar éis a shuí gurb é an Téalainn an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.6.5. Conclúid

(194) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Téalainn na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.7. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(195) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail amhábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(196) Ní bhfuair an Coimisiún aon agóid in aghaidh an liosta tosca táirgeachta sa Chéad Nóta uaidh.

(197) Tar éis sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé GTA (le haghaidh praghsanna allmhairiúcháin) agus agus MacMap (le haghaidh dleachtanna allmhairiúcháin) chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, agus na hamhábhair go sonrach.

3.2.7.1. Tosca táirgeachta

(198) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Toisc tháirgeachta	Cóid tráchtearra	Foinse sonraí atá beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid	Luach (CNY)	Aonad tomhais*
Amhábhair				
Sliseanna TPE (ag a bhfuil uimhir slaodachta is lú ná 78 ml/g)	3907 69 10	Global Trade Atlas (GTA) ([106]) / MacMap ([107])	11,17	Kg

([106]) https://connect.spglobal.com/
([107]) https://www.macmap.org/

Toisc tháirgeachta	Cóid tráchtearra	Foinse sonraí atá beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid	Luach (CNY)	Aonad tomhais*
Stáirse arbhair Indiaigh	1108 12	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	5,38	Kg
Snáithín gloine	701919	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	17,15	Kg
Eibleacht eistir aicriligh	3906 90 99	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	21,11	Kg
Saothar				
Saothar	[neamhbhainteach]	Staidreamh arna fhoilsiú ag Banc Náisiúnta na Téalainne ([108])	15,83	Uaireanta oibre
Fuinneamh				
Leictreachas	[neamhbhainteach]	Údarás Leictreachais Cathrach na Téalainne ([109])	1,15	KwH
Gás nádúrtha	[neamhbhainteach]	An Oifig um Beartas agus Pleanáil Fuinnimh na hAireachta Fuinnimh ([110])	3,02	m^3
Gual ligníte	[neamhbhainteach]	An Oifig um Beartas agus Pleanáil Fuinnimh na hAireachta Fuinnimh	1,19	Kg
Breac-chóc	2704	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	3,72	Kg

(199) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, ríomh an Coimisiún an cóimheas idir costais mhonaraíochta indíreacha na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte faoi seach i ndáil lena gcostais mhonaraíochta dhíreacha faoi seach (mar a liostaítear i dTábla 1 thuas). Cuireadh an cóimheas sin i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar chostais dhíreacha neamhshaofa na monaraíochta agus cuireadh leis é.

3.2.7.1.1. Amhábhair

(200) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis.

(201) Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([111]).

(202) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i Roinn 3.2.1 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

([108]) (https://app.bot.or.th/BTWS_STAT/statistics/BOTWEBSTAT.aspx?reportID=636&language=ENG)
([109]) https://www.mea.or.th/en/our-services/mea-service/e-service/electric-monthly-calculate/type4.
([110]) An Aireacht Fuinnimh - an Oifig um Beartas agus Pleanáil Fuinnimh (Tábla 7.2-4) https://www.eppo.go.th/index.php/en/en-energystatistics/energy-economy-static.
([111]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(203) De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

(204) I gcás roinnt de na tosca táirgeachta, bhí sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána sa tréimhse imscrúdúcháin i gceist leis na costais iarbhír arna dtabhú ag na táirgeoirí allmhairiúcháin sampláilte. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáideadh dóibh siúd ar na ríomhanna maidir leis an gcorrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin mar a mhínítear in aithrisí 221 agus 222.

(205) Chun na dleachtanna allmhairiúcháin is infheidhme a chinneadh de réir an chóid earraí agus na tíre tionscnaimh, d'úsáid an Coimisiún MacMap. Cuireadh na dleachtanna allmhairiúcháin leis an luach CAL a taifeadadh i staitisticí allmhairiúcháin na Téalainne mar atá le fáil i mbunachar sonraí GTA.

(206) An costas iompair arna thabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar na dtáirgeorí onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.7.1.1.1. Sliseanna TPE

(207) Is iad an príomh-amhábhar i dtáirgeadh TPE nascshníofa iad sliseanna TPE. Sa Chéad Nóta, liostaigh an Coimisiún an cód custaim le haghaidh TPE ísealslaodachta, i.e. cód CC 3907 69, agus an cód custaim le haghaidh TPE ardslaodachta, cód CC 3907 61. Thug táirgeoirí an Aontais barúlacha maidir leis an gCéad Nóta inar áitíodh ar an gCoimisiún amhábhar beacht gach táirgeora de chuid na Síne a fhíorú go cúramach chun a áirithiú go n-úsáideann sé an cód ceart le haghaidh gach táirgeora. Tar éis na gcuairteanna fíorúcháin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh ach TPE ísealslaodachta, i.e. cód CC 3907 69, ábhartha i dtáirgeadh TPE nascshníofa agus bhain sé TPE ardslaodachta (CC 3907 61) den liosta amhábhar.

(208) Sa Dara Nóta, rinne an Coimisiún tuilleadh anailíse ar allmhairiú an phríomh-amhábhair, is é sin sliseanna TPE, agus rinne sé cinneadh scrúdú a dhéanamh ar na sonraí allmhairiúcháin ar leibhéal níos mionsonraithe chun na cineálacha sliseanna TPE a úsáidtear i dtáirgeadh TPE nascshníofa a shainaithint.

(209) Déantar idirdhealú i sceidil taraifí na Téalainne idir na cóid tráchtearra seo a leanas faoi chód CC sé dhigit 3907 69:

— 3907 69 10 – Gráinníní agus foirmeacha comhchosúla

— 3907 69 90 – Eile

(210) Sliseanna TPE a úsáidtear i dtáirgeadh TPE nascshníofa, tagann siad faoi chód tráchtearra 3907.69.10, ach d'fhéadfaí teireataláit phoileitiléine de ghrád speisialta nó teireataláit phoileitiléine atá neamhthipiciúil ar bhealach eile a áireamh i gcód tráchtearra 3907.69.90. Agus sonraí GTA á n-úsáid ag an gCoimisiún, bhí sé in ann allmhairí chuig an Téalainn faoi chód tráchtearra 3907.69.10 a shainaithint, rud a sholáthair faisnéis níos mionsonraithe.

(211) I gcás na Téalainne, ba é 23 411 tona cainníocht iomlán na n-allmhairí, ar de thionscnamh na Síne 33 % díobh. Ós rud é go raibh allmhairí de thionscnamh foinsí éagsúla agus go raibh cion na n-allmhairí ón tSín réasúnta íseal, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach dócha gur imir allmhairí ón tSín tionchar ar phraghsanna allmhairiúcháin sliseanna TPE ón gcuid eile den domhan isteach sa Téalainn faoi chód tráchtearra 3907.69.10, rud a fhágann gur tagarmharc iontaofa iad allmhairí chuig an Téalainn.

3.2.7.1.1.2. Ceanglóirí (Stáirse arbhair Indiaigh agus eibleacht eistir aicriligh)

(212) Mar a thuairiscítear cheana in aithris 26, chun TPE a tháirgeadh, is gá ceanglóirí stáirse-bhunaithe, ceanglóirí ceimiceacha (polaiméir-bhunaithe), nó ceanglóirí measctha a úsáid mar ábhar brataithe.

(213) Mar fhreagairt ar an gCéad Nóta, mhaígh na gearánaigh go n-úsáideann táirgeoirí de chuid na Síne ceanglóirí stáirse-bhunaithe go príomha le haghaidh TPE nascshníofa a dhíoltar ar mhargadh intíre na Síne, agus go n-úsáidtear gach ceann de na trí chineál ceanglóirí i dtáirgí a dhíoltar ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, d'áitigh táirgeoirí an Aontais, chun comparáid chothrom a áirithiú sna ríomhanna dumpála, gur cheart don Choimisiún gnáthluachanna ar leithligh a shuí le haghaidh TPE nascshníofa arna tháirgeadh le gach cineál ceanglóra nó coigeartuithe iomchuí a dhéanamh ar ghnáthluach bunaithe ar tháirgeadh le ceanglóir stáirse-bhunaithe.

(214) Thug an Coimisiún dá aire na barúlacha a thug táirgeoirí an Aontais maidir leis na cineálacha éagsúla ceanglóirí a úsáidtear i dtáirgeadh TPE nascshníofa agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar inchomparáideacht praghsanna. Rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh sé gur ghá breithniú a dhéanamh ar dhifríochtaí i gcineálacha ceanglóra agus, i gcás inarb iomchuí, ar cé acu a bhí nó nach raibh údar le haon choigeartú ar bhonn na faisnéise atá ar fáil sa chomhad. Leagtar amach toradh an mheasúnaithe sin in aithris 220.

(215) Mar fhreagairt ar an Dara Nóta, d'áitigh na gearánaigh nár aontaigh siad leis na praghsanna stáirse arbhair Indiaigh a úsáideadh sa nóta maidir le tosca táirgeachta. D'áitigh na gearánaigh gur stáirse arbhair Indiaigh modhnaithe é an cineál stáirse arbhair Indiaigh a úsáidtear chun TPE nascshníofa a tháirgeadh, a bhfuil a phraghas thart ar dhá oiread an phraghais atá ar ghnáthstáirse arbhair Indiaigh. Chun tacú leis an maíomh sin, sholáthair na gearánaigh luachana praghais lena ndearnadh comparáid idir stáirse arbhair Indiaigh modhnaithe agus gnáth-stáirse arbhair Indiaigh agus d'iarr siad ar an gCoimisiún corrlach brabúis comhfhreagrach a chur i bhfeidhm maidir leis na praghsanna bunaithe ar GTA chun léiriú a thabhairt ar an gcostas níos airde a bhaineann le stáirse arbhair Indiaigh modhnaithe.

(216) Mar fhreagairt ar argóint na ngearánach, d'áitigh an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin nach n-úsáideann siad ach gnáthstáirse arbhair Indiaigh ina dtáirgeadh féin. D'áitigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin go bhfuil fianaise air sin sna sonraisc a bailíodh le linn fhíorú a gceannachán amhábhar, ina dtagraítear don chineál arbhair Indiaigh a ceannaíodh. Thairis sin, d'áitigh TDF Group go ndéantar stáirse arbhair Indiaigh modhnaithe a dhearbhú sa tSín faoi chód CC difriúil, is é sin 3505 10, agus maíonn sé go mbaineann a cheannacháin faoi chód CC 1108 12 le gnáthstáirse arbhair Indiaigh seachas stáirse arbhair Indiaigh modhnaithe.

(217) Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair na gearánaigh fianaise dhochloíte go n-úsáideann táirgeoirí TPE nascshníofa, lena n-áirítear na táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha, stáirse arbhair Indiaigh modhnaithe. Leis na luachana praghais a cuireadh isteach, níor léiríodh ach go bhféadfadh stáirse arbhair Indiaigh modhnaithe a bheith ní ba chostasaí ná gnáthstáirse arbhair Indiaigh, ach níor léiríodh go mbíonn an táirge sin á úsáid ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin a ndearnadh imscrúdú orthu. Os a choinne sin, léirigh na sonraíochtaí teicniúla fíoraithe agus na leibhéil praghsanna go n-úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin gnáthstáirse arbhair Indiaigh.

(218) Mar fhreagairt ar an Dara Nóta, mhaígh TDF Group go raibh an eibleacht eistir aicriligh a úsáideann sé aicmithe go mícheart faoi chód CC 3903 90, lena gcumhdaítear polaiméirí stiréine. D'áitigh TDF Group, cé go bhfuil stiréin sa táirge, gurb é aigéad aicrileach a phríomh-chomhpháirt agus gurbh iomchuí dá bhrí sin é a aicmiú faoi chód CC 3906 90, lena gcumhdaítear polaiméirí aicrileacha i bhfoirmeacha príomhúla. Ghlac an Coimisiún le maíomh TDF Group agus rinne sé athbhreithniú ar aicmiú chód CC eibleachta eistir aicriligh.

(219) Mar fhreagairt ar an Dara Nóta, d'áitigh Unibon go bhfágann difríochtaí ábhartha idir cineálacha ceanglóirí a úsáidtear i dtáirgeadh TPE nascshníofa, is é sin ceanglóirí stáirse-bhunaithe, ceanglóirí bunaithe ar aicriligh cheimiceacha agus ceanglóirí measctha, go mbíonn éagsúlachtaí móra i gcostais táirgthe agus i bpraghsanna margaidh. D'áitigh an chuideachta nach mór é sin a léiriú go cuí i ríomh an ghnáthluacha. Ar an mbonn sin, d'iarr Unibon ar an gCoimisiún coigeartuithe a chur i bhfeidhm chun difríochtaí costais a bhaineann le ceanglóirí a chur san áireamh.

(220) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. Thug sé dá aire go mbíonn meascán de cheanglóirí, a bhfuil úsáidí agus praghsanna margaidh comhchosúla ag gach ceann acu, á n-úsáid ag táirgeoirí TPE nascshníofa de chuid an Aontais agus táirgeoirí TPE nascshníofa sampláilte de chuid na Síne. Dá bhrí sin, dá ndéanfaí anailís mhionsonraithe lena ndéanfaí idirdhealú idir táirgí de réir an chineáil ceanglóra, agus gan aon difríocht mhór idir úsáid ná praghas, ní bheadh tionchar suntasach aici sin ar ríomh an ghnáthluacha.

3.2.7.1.1.3. Tomhaltáin

(221) Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún páirtithe ar an eolas gur measadh, i ngeall ar mheáchan diomaibhseach roinnt de na hamhábhair sa chostas iomlán táirgthe, gur tomhaltáin iad roinnt de na tosca táirgeachta.

(222) Ríomh an Coimisiún céatadán na dtomhaltán i gcostas iomlán an táirgthe agus chuir sé an céatadán sin i bhfeidhm ar an gcostas táirgthe athríofa bunaithe ar thagarmharcanna.

3.2.7.1.2. Saothar

(223) Toisc tháirgeachta is ea saothar a mbaineann thart ar 3 % den chostas iomlán táirgthe leis. D'úsáid an Coimisiún na staitisticí arna bhfoilsiú ag Banc Náisiúnta na Téalainne ([112]) chun an pá sa Téalainn a chinneadh agus úsáid á baint as an bhfaisnéis mhionsonraithe maidir le pá san earnáil táirgthe le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin, i gcomhair na gníomhaíochta eacnamaíche de réir aicmiú NACE Rev.2.

3.2.7.1.3. Leictreachas

(224) D'úsáid an Coimisiún luach phraghas an leictreachais d'fhiontair ghnó, thionsclaíocha agus stáit arna fhoilsiú ag Bord Infheistíochta na Téalainne ([113]), agus úsáid á baint as an taraif tráth a úsáide (taraif TOU) - Seirbhís Ghinearálta Mhór, Leibhéal voltais faoi bhun 22 Kv chun an tagarmharc le haghaidh leictreachais a ríomh. Níor tháinig aon athrú ar an taraif sin ó bhí 2018 ann agus tugtar cothrom le dáta ar bhonn míosúil í agus úsáid á baint as an ionstraim a dtugtar formhuirear coigeartaithe fuinnimh (Ft) uirthi. Dá bhrí sin, ríomhtar muirir leictreachais a ghearrtar do gach mí mar a leanas:

— bonnmhuirear leictreachais, de réir na dtaraifí a dtugtar tuairisc orthu thuas agus a d'fhan seasmhach thar na blianta,

— muirear coigeartaithe fuinnimh (Ft), a thugann Coimisiún Rialála Fuinnimh na Téalainne (ERC) cothrom le dáta go tréimhsiúil agus a fhoilsíonn an tÚdarás Leictreachais Cathrach ([114]).

(225) Shuigh an Coimisiún tagarmharc leictreachais le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte bunaithe ar an mbuaicthomhaltas agus ar an tomhaltas seachbhuaice faoi seach. Leithdháileadh an úsáid a bhí mar thoradh air ar na buaic-rátaí agus ar na rátaí seachbhuaice.

(226) Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an muirear éilimh agus an muirear seirbhíse araon san áireamh sa tagarmharc ráta leictreachais, chun léiriú iomlán a thabhairt ar an gcostas leictreachais sa tír ionadaíoch. Sloinneadh an muirear seirbhíse mar mhéid seasta in aghaidh na míosa, agus suíodh an muirear éilimh, in kW, ar bhonn ríomh coimeádach an éilimh ar leictreachas. Suíodh é sin tríd an mbuaicfhuinneamh iomlán a ídíodh a roinnt ar líon na n-uaireanta táirgthe. Suíodh an meánráta ualaithe le haghaidh buaicuaireanta agus na huaireanta seachbhuaice mar thagarmharc le haghaidh gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte.

(227) Shuigh an Coimisiún gur luadh praghsanna leictreachais sa Téalainn gan cáin bhreisluacha (CBL) a áireamh.

3.2.7.1.4. Gás Nádúrtha

(228) D'úsáid an Coimisiún praghsanna gáis do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Téalainn arna fhoilsiú ag Oifig um Beartas Fuinnimh agus ag Oifig Pleanála na hAireachta Fuinnimh ([115]). Bhí difríocht sna praghsanna de réir mhéid an tomhaltais. D'úsáid an Coimisiún na praghsanna comhfhreagracha i dTábla 7.2-4: Tomhaltas Fuinnimh Deiridh *Per Capita*. Bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí is déanaí a bhaineann le 2024 mar thagarmharc.

([112]) https://app.bot.or.th/BTWS_STAT/statistics/BOTWEBSTAT.aspx?reportID=636&language=ENG.
([113]) https://www.boi.go.th/index.php?page=utility_costs.
([114]) https://www.mea.or.th/en/our-services/tariff-calculation/latestft.
([115]) An Aireacht Fuinnimh - an Oifig um Beartas agus Pleanáil Fuinnimh (Tábla 7.2-4) https://www.eppo.go.th/index.php/en/en-energystatistics/energy-economy-static. An 29 Eanáir 2026 an dáta deireanach ar breathnaíodh air.

3.2.7.1.5. Gual ligníte

(229) Mar a luaitear sa Dara Nóta, shuí an Coimisiún an tagarmharc le haghaidh guail ligníte trí úsáid a bhaint as praghsanna gáis do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Téalainn arna bhfoilsiú ag Oifig um Beartas agus Pleanáil Fuinnimh na hAireachta Fuinnimh. Mar a tugadh faoi deara thuas in aithris 166, mheas an Coimisiún nárbh fhéidir allmhairí guail ligníte ó Laos isteach sa Téalainn a mheas mar chostas comhfhreagrach iontaofa agus réasúnta sa tír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Chinn an Coimisiún go raibh an tagarmharc malartach a d'fhoilsigh Oifig um Beartas agus Pleanáil Fuinnimh na hAireachta Fuinnimh níos réasúnta i bhfianaise na n-eilimintí seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, is iad na húdaráis náisiúnta atá freagrach as faisnéis fuinnimh agus eacnamaíoch a bhailiú agus as maoirseacht a dhéanamh uirthi sa Téalainn a bhailíonn staitisticí oifigiúla na Téalainne ([116]), agus dá bhrí sin soláthraíonn siad cumhdach cuimsitheach macra-leibhéil ar thomhaltas fuinnimh sa tír. Ar an dara dul síos, fuarthas amach go raibh luach 1,19 CNY/kg a fuarthas i staitisticí na Téalainne i gcomhréir leis na leibhéil praghsanna fhorleathana le haghaidh gual ligníte san Áise Thoir Theas le linn na tréimhse imscrúdúcháin (i.e. sa raon 1,15-1,23 CNY/kg) ([117]).

3.2.7.1.6. Breac-chóc

(230) D'úsáid an Coimisiún praghsanna allmhairiúcháin le haghaidh breac-chóc ón gcuid eile den domhan isteach sa Téalainn faoi chód CC 2704. Mhínigh an Coimisiún go bhféadfaí a mheas go bhfuil na praghsanna allmhairiúcháin sin ionadaíoch, ós rud é go raibh méideanna na n-allmhairí substaintiúil agus go raibh siad de thionscnamh foinsí neamhshaofa iomadúla. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún gur sholáthair na sonraí sin tagarmharc a bhí iontaofa go leordhóthanach chun an gnáthluach a chinneadh. Ní dhearna aon pháirtí leasmhar agóid in aghaidh an chur chuige sin.

3.2.7.1.7. Dramhaíl

(231) Mar a luaitear sa Dara Nóta, rinne an Coimisiún anailís ar chleachtais chuntasaíochta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha sampláilte a bhaineann le seachtháirgí agus dramhaíl. Mar thoradh air sin, rinne an Coimisiún an costas táirgthe ríofa a choigeartú i gcomhréir le cleachtais chuntasaíochta gach cuideachta a bhaineann le seachtháirgí agus dramhaíl.

3.2.7.1.8. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, agus brabús

(232) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta ('costais SGA') agus le haghaidh na mbrabús*'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(233) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí i gcomhair costais SGA agus brabúis, bhraith an Coimisiún ar shonraí airgeadais don bhliain 2024 de chuid PT Multi Spunindo Jaya Tbk, arna mbaint as Orbis.

(234) Ní aithnítear forchostais mhonaraíochta ar leithligh i bhfigiúirí an chuntais Brabúis agus Caillteanais atá ar fáil agus measter iad a bheith san áireamh i gcostas na n-earraí a dhíoltar. Sloinntear na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(235) Sa Dara Nóta, maidir le costais taighde agus forbartha na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin faoi seach, luaigh an Coimisiún go n-áireofaí na costais sin sna forchostais mhonaraíochta, murar sonraíodh go sainráite i gcuntais fhoilsithe an táirgeora san Indinéis gur áiríodh na costais sin ina chostais SGA.

(236) Mar fhreagairt ar an Dara Nóta, dúirt an táirgeoir onnmhairiúcháin TDF Group gur lean sé ó chaighdeáin chuntasaíochta na hIndinéise gur cheart costais Taighde agus Forbartha a aicmiú faoi chostais SGA. Cé nár liostaíodh costais Taighde agus Forbartha go sainráite i dtuarascáil bhliantúil PT Multi Spunindo Jaya Tbk, shonraigh cuideachta eile – PT Bakrie Telecom, a lean na caighdeáin chuntasaíochta Indinéiseacha chéanna – a costais Taighde agus Forbartha faoina costais SGA.

([116]) An Bord Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDB), an Roinn um Riarachán Cúigeach (DOPA), Banc na Téalainne (BOT), an Oifig um Beartas agus Pleanáil Fuinnimh (OIPE), agus an Roinn Forbartha agus Éifeachtúlachta Fuinnimh Malartaigh (DEDE).

([117]) https://www.imarcgroup.com/lignite-coal-price-trend. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 10 Aibreán 2026.

(237) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh ó TDF Group agus níor chuir sé na costais taighde agus forbartha leis na forchostais mhonaraíochta.

(238) Mar fhreagairt ar an Dara Nóta, d'áitigh an táirgeoir onnmhairiúcháin TDF Group nár cheart don Choimisiún a bheith ag brath ar ráitis airgeadais chomhdhlúite 2024 Spunindo chun costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús a chinneadh, toisc go n-áirítear sna cuntais sin sonraí ó thrí fhochuideachta nach mbaineann a ngníomhaíochtaí leis an táirge faoi imscrúdú agus, i gcásanna áirithe, nár chuir tús le hoibríochtaí tráchtála. I bhfianaise an mhéid sin, d'áitigh TDF Group nár cheart ach sonraí airgeadais neamhspleácha na máthairchuideachta a úsáid chun méideanna réasúnta a shuí le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis agus an gnáthluach á ríomh. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin agus d'úsáid sé brabús agus costais díola, ghinearálta agus riaracháin na máthairchuideachta agus an gnáthluach á ríomh aige.

3.2.8. *Ríomh*

(239) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(240) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch.

(241) Ansin, chuir an Coimisiún forchostais na monaraíochta le costas neamhshaofa na monaraíochta chun teacht ar na costais neamhshaofa táirgeachta.

(242) Maidir leis na costais táirgthe a suíodh mar a shonraítear san aithris roimhe seo, chuir an Coimisiún costais SGA agus brabús ón táirgeoir TPE nascshníofa san Indinéis i bhfeidhm dá dtagraítear in aithris 233.

(243) Ba é 12,03 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 11,14 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

(244) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(245) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte onnmhairí isteach san Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha.

(246) Ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.4. **Comparáid**

(247) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna a chur san áireamh.

(248) Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála *díreach ón monarcha*. Mar a mhínítear tuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh na praghsanna onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal *díreach ón monarcha*; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.4.1. *Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach*

(249) Mar a mhínítear in Roinn 3.2 thuas, suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

(250) Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte lamháltais den sórt sin.

3.4.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(251) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe i leith na nithe seo a leanas: dleacht chustaim, muirir allmhairithe eile, lastas, árachas, láimhseáil, luchtú agus costais choimhdeacha.

3.5. **Corrlaigh dhumpála**

(252) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(253) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
— Hubei Unibon nonwovens Co Ltd	45,6 %
— Changde Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd — Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd	50,0 %

(254) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(255) Ar an mbonn sin, is é 49,4 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(256) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

(257) Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Ríomhadh an leibhéal comhair ar bhonn mhéid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, sampláilte agus neamhshampláilte, chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion d'iomlán na n-allmhairí ón tSín chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a suíodh ar bhonn staidreamh allmhairiúcháin 2024 ó Eurostat le haghaidh na gcód AC a liostaítear in aithris 24.

(258) Sa chás seo, bhí leibhéal an chomhair ard toisc go raibh in onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha thart ar 87 % de na hallmhairí iomlána le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún gurbh iomchuí an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(259) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
— Hubei Unibon nonwovens Co Ltd	45,6 %
— Changde Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd — Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd	50,0 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	49,4 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	50,0 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(260) Rinne trí tháirgeoir de chuid an Aontais an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus baineann dhá cheann acu leis an ngrúpa céanna. Is iad atá i gceist le '*tionscal an Aontais*' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(261) Suíodh gur thart ar [52 000 – 63 600] tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail sonraí sna freagraí ar an gceistneoir a fuarthas ó tháirgeoirí an Aontais. Mar a shonraítear in aithris 16, is ó tháirgeoirí comhoibríocha an Aontais a tháinig 100 % de tháirgeacht iomlán an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil.

(262) Toisc gur díorthaíodh na sonraí a bhain leis an measúnú díobhála ó thrí tháirgeoir ón Aontas, a raibh baint ag dhá cheann acu leis an ngrúpa céanna, ar chúiseanna rúndachta, is i raonta a thugtar na figiúirí le haghaidh na hanailíse díobhála. Is ar na fíorshonraí a bhíonn na hinnéacsanna bunaithe, áfach, agus ní ar na raonta.

4.2. Tomhaltas an Aontais

(263) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an méid seo a leanas: (a) sonraí a chuir táirgeoirí an Aontais isteach agus a d'fhíoraigh an Coimisiún maidir le díolacháin an táirge chomhchosúil ag tionscal an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas; agus (b) allmhairí an táirge faoi imscrúdú ó gach tríú tír isteach san Aontas, bunaithe ar shonraí a tuairiscíodh in Eurostat, ar shonraí fíoraithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha sampláilte agus ar shonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin nár sampláladh ([118]).

(264) Leagadh amach i Nóta a ghabhann leis an gComhad ón 4 Márta 2026 an cur chuige i leith meastachán a dhéanamh ar allmhairí agus ar thomhaltas an Aontais ([119]). Rinne CCCT trácht ar chur chuige an Choimisiúin. D'aithin CCCT go hiomlán na dúshláin phraiticiúla atá roimh an gCoimisiún maidir le hallmhairí agus tomhaltas a chinneadh, ach chuir sé ábhair imní in iúl maidir le hiontaofacht na bhfigiúirí i ngeall ar na toimhdí sna modheolaíochtaí a thuairiscítear sa Nóta. Ba iad na trí phríomhábhar imní a bhí ag CCCT (i) gur úsáideadh cóimheas seasta bunaithe ar shonraí na tréimhse imscrúdúcháin chun na hallmhairí ón tSín a ríomh gan aon fhianaise go raibh sé ionadaíoch i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú; (ii) go raibh an meastachán ar allmhairí ó thíortha eile le haghaidh 2024 agus na tréimhse imscrúdúcháin bunaithe ar staidreamh Eurostat d'ainneoin thorthaí an Choimisiúin nár dearbhaíodh cuid shuntasach de na hallmhairí i gceart; agus (iii) gur tugadh éiginnteacht isteach leis an modheolaíocht chasta scagtha praghasraoin chun meastachán a dhéanamh ar allmhairí tíortha eile le haghaidh 2022 agus 2023. Dá bhrí sin, chaith CCCT amhras ar iontaofacht na bhfigiúirí sin agus mhaígh sé go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an anailís ar tháscairí díobhála agus ar an measúnú ar an nasc idir allmhairí agus staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(265) Mheas an Coimisiún, ar an gcéad dul síos, cé gur chaith CCCT amhras ar an gcur chuige, nár sholáthair siad aon fhianaise chun tacú lena seasamh nó go raibh torthaí míchruinne nó neamhiontaofa ann maidir le méideanna ná maidir le praghsanna mar thoradh ar mhodh anailíse beartaithe an Choimisiúin.

([118]) t26.001265.
([119]) t26.001265.

(266) Ar an dara dul síos, bhí oibleagáid ar an gCoimisiún modh malartach a lorg chun méideanna allmhairí an táirge lena mbaineann isteach san Aontas a ríomh, mar gheall ar na neamhréireachtaí follasacha idir sonraí onnmhairiúcháin fíoraithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus sonraí Eurostat. Mar sin féin, níor sholáthair CCCT cur chuige malartach ná aon sonraí breise lena ndéanfaí modheolaíocht an Choimisiúin a cheistiú nó a leasú fiú, go háirithe maidir le sciar onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de na honnmhairí iomlána i mblianta roimh an tréimhse imscrúdúcháin. Maidir le sciar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, níor thug na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin nár sampláladh barúil ar an nóta samplála, ná ar an Nóta a ghabhann leis an gComhad maidir le hallmhairí a chinneadh.

(267) Ar an tríú dul síos, is cleachtas coiteann é eochracha leithdháilte a úsáid chun allmhairí tríú tíortha a chinneadh i gcás ina bhfuil an táirge faoi imscrúdú aicmithe faoi chóid lena gcumhdaítear earraí eile a thiteann lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe freisin. Arís, níor sholáthair CCCT cur chuige malartach ná aon sonraí maidir le cóimheas nó praghsanna allmhairí de thionscnamh tíortha eile i ndáil leis na hallmhairí iomlána isteach san Aontas.

(268) Ar an gceathrú dul síos, tá torthaí an Choimisiúin maidir le staid mhargadh an Aontais i gcomhréir leis an bhfianaise a soláthraíodh sa ghearán, go háirithe maidir leis na huimhreacha tomhaltais a leagtar amach i dtuarascáil mhargaidh EDANA ([120]), a ghabhann leis an ngearán ([121]). Tacaíonn sé sin freisin le cruinneas agus oiriúnacht mhodheolaíocht an Choimisiúin.

(269) I bhfianaise an mhéid thuas, dhiúltaigh an Coimisiún do bharúlacha CCCT.

(270) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	[58 000 - 71 000]	[51 700 - 63 200]	[72 500 - 88 700]	[66 700 - 81 600]
Innéacs	*100*	*89*	*125*	*115*

Foinse: Táirgeoirí de chuid an Aontais, táirgeoirí onnmhairiúcháin agus Eurostat

(271) Tháinig méadú 15 % ar thomhaltas san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh anailís mhionsonraithe gur tháinig laghdú 11 % ar thomhaltas an Aontais ó 2022 go 2023, agus bhí méadú mór ann ina dhiaidh sin in 2024. Ó 2024 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 10 bpointe céatadáin ar thomhaltas ach d'fhan sé ar leibhéil arda, 15 % níos airde ná mar a bhí ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.

(272) Ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, thacaigh an téarnamh i ndiaidh na paindéime le tomhaltas TPE nascshníofa. Tháinig laghdú ar thomhaltas idir 2022 agus 2023, mar gheall ar éileamh níos ísle ar scannáin bhiotúmanacha in earnáil foirgníochta agus tógála an Aontais de dheasca rátaí arda úis, praghsanna fuinnimh ardaithe agus neamhchinnteachtaí geopholaitiúla. In 2024, tháinig tomhaltas an Aontais le haghaidh TPE nascshníofa ar ais, rud a léiríonn athstocáil fardal ag táirgeoirí iartheachtacha scannán biotúmanach, arna spreagadh ag éileamh méadaithe ar a dtáirge ([122]). Idir 2024 agus an tréimhse imscrúdúcháin, d'fhan an tomhaltas ar leibhéil arda.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(273) Mar a mhínítear go mionsonraithe i roinn 4.2 thuas, rinne an Coimisiún méid allmhairí an táirge lena mbaineann isteach san Aontas a shuí ar bhonn sonraí Eurostat, sonraí fíoraithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha sampláilte agus sonraí a sholáthair an táirgeoir onnmhairiúcháin nár sampláladh. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí trí mhéid na n-allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais.

([120]) Nasc sníofa poileistir sna scannáin uiscedhíonta AE27 Meastacháin Mhargaidh AE27.
([121]) Iarscríbhinn 7 den ghearán.
([122]) Iarscríbhinn 7 den ghearán.

(274) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

An méid allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid allmhairí ón tSín (tonaí)	[3 400 - 4 200]	[7 100 - 8 700]	[20 800 - 25 400]	[17 600 - 21 500]
Innéacs	*100*	*210*	*611*	*517*
An sciar den mhargadh (%)	6	14	29	26
Innéacs	*100*	*235*	*488*	*452*

Foinse: Eurostat agus táirgeoirí onnmhairiúcháin

(275) Tháinig méadú 417 % ar mhéideanna allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, a d'ardaigh ó [3 400 – 4 200] tona in 2022 go [17 600 – 21 500] tona sa tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú mór ar sciar na Síne den mhargadh, ó 6 % in 2022 go 26 % sa tréimhse imscrúdúcháin, arb é a bhí ann méadú 352 %.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann: sladghearradh praghsanna agus sochtadh praghsanna*

(276) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, is é sin 72 % d'allmhairí de chuid táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha ón tSín chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Suíodh praghsanna na n-allmhairí ar an mbealach céanna le méideanna na n-allmhairí.

(277) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tSín:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/ tona)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Praghsanna allmhairí ón tSín	[2 300 - 2 800]	[1 400 - 1 750]	[1 500 – 1 850]	[1 700 - 2 100]
Innéacs	*100*	*62*	*66*	*79*

Foinse: Eurostat agus táirgeoirí onnmhairiúcháin

(278) Tháinig laghdú mór ar phraghsanna (-38 %) idir 2022 agus 2023. Ina dhiaidh sin, tháinig méadú 4 phointe céatadáin agus 13 bpointe céatadáin faoi seach orthu in 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. Ar an iomlán, tháinig laghdú 21 % orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó EUR 2 500/tona in 2022 go EUR 2 000/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(279) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh an chineáil táirge a bhí ag táirgeoirí an Aontais arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú go leibhéal díreach ón monarcha; agus na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid na Síne arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(280) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé meánchorrlach sladghearrtha ualaithe de thart ar 26 % go 30 % i gcás 100 % de mhéideanna allmhairithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(281) Chomh maith le sladghearradh praghais, bhí ísliú mór praghsanna ann freisin de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán. I ngeall ar an mbrú mór praghsanna de dheasca allmhairí dumpáilte na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha ar phraghas íseal, laghdaigh tionscal an Aontais a mheánphraghas díola aonaid san Aontas faoi 21 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go leibhéal i bhfad níos mó ná an laghdú ar chostais (10 %) mar a leagtar amach i dTábla 8 thíos. Deimhnítear an t-ísliú praghsanna suntasach freisin leis an ngearrdhíol praghais a fuarthas ar bhonn na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(282) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(283) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an dá thacar táscairí ar bhonn na bhfreagraí a thug táirgeoirí aitheanta an Aontais ar an gceistneoir. Ós rud é nach eol don Choimisiún aon táirgeoir eile de chuid an Aontais a bheith ann, fuarthas amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais. Mar a mhínítear in aithris 262, cuirtear na táscairí díobhála ar fáil i raonta, toisc gur díorthaíodh sonraí a bhaineann leis an measúnú díobhála ó thrí tháirgeoir de chuid an Aontais, agus bhain dhá cheann acu leis an ngrúpa céanna.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(284) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	[54 800 - 67 000]	[44 000 - 53 600]	[52 000 – 63 600]	[52 000 – 63 600]
Innéacs	*100*	*80*	*95*	*95*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	[70 000 – 85 000]	[64 400 - 78 200]	[64 400 - 78 200]	[64 400 - 78 200]
Innéacs	*100*	*92*	*92*	*92*
Úsáid acmhainneachta (%)	78	68	81	81
Innéacs	*100*	*87*	*104*	*104*

Foinse: Táirgeoirí an Aontais

(285) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú géar ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais idir 2022 agus 2023, arbh é an laghdú ar thomhaltas an Aontais ba chúis leis sin freisin. In 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, d'ainneoin an mhéadaithe ghéir ar thomhaltas (+ 25 % in 2024, + 5 % sa tréimhse imscrúdúcháin, féach Tábla 2) agus i ngeall ar láithreacht mhéadaitheach allmhairí ar phraghas íseal ón tSín, ní raibh tionscal an Aontais in ann na méideanna táirgeachta céanna a bhaint amach, rud a d'fhág go raibh laghdú 5 % ann i gcomparáid le 2022.

(286) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú foriomlán 8 % ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais. Ba é ba chúis leis an gcaillteanas de thart ar 7 000 tona foirceannadh conartha dolaphróiseála idir 2022 agus 2023 thar ceann táirgeoir amháin de tháirgeoirí an Aontais, i ngeall ar an staid mhargaidh agus ar láithreacht mhéadaitheach allmhairí ar phraghas íseal. An conradh dolaphróiseála sin a bheith ann, ba in é an fáth freisin go raibh úsáid acmhainneachta ní b'ísle in 2022, rud a d'fhág gur tháinig méadú dealraitheach 3 % ar úsáid acmhainneachta idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Is é sin le rá, choinnigh tionscal an Aontais a úsáid acmhainneachta ar bun ar leibhéil leordhóthanacha, ach b'éigean a n-acmhainneacht a laghdú chuige sin.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(287) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid díolachán iomlán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	[50 000 - 60 000]	[39 000 - 46 500]	[46 000 - 55 000]	[45 000 - 54 000]
Innéacs	*100*	*78*	*92*	*90*
An sciar den mhargadh (%)	86	75	63	67
Innéacs	*100*	*97*	*74*	*78*

Foinse: Táirgeoirí an Aontais

(288) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé gur tháinig méadú 15 % ar an margadh, tháinig laghdú 10 % ar mhéid díolachán iomlán thionscal an Aontais, i ngeall ar iomaíocht neamhchothrom mhéadaitheach na n-allmhairí ón tSín ar phraghas íseal.

(289) Dá thoradh sin, tháinig laghdú géar ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh ó 86 % in 2022 go 63 % in 2024, i gcomhréir le láithreacht mhéadaitheach allmhairí ón tSín. Idir 2024 agus an tréimhse imscrúdúcháin, agus d'ainneoin an laghdaithe ar a dhíolacháin, fuair tionscal an Aontais 4 phointe céatadáin den sciar den mhargadh ar ais i ngeall ar láithreacht laghdaithe allmhairí ón tSín.

4.4.2.3. Fás

(290) I gcomhthéacs tomhaltas an Aontais a bheith ag méadú go mór, léiríonn na sonraí gur bhain caillteanais shuntasacha do thionscal an Aontais ó thaobh táirgeachta, mhéid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh de. Os a choinne sin, tháinig méadú 352 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí dumpáilte ón tSín.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(291) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe (coibhéis lánaimseartha)	[335 – 410]	[330 – 400]	[335 – 405]	[330 – 400]
Innéacs	*100*	*98*	*99*	*98*
Táirgiúlacht (tonaí/ coibhéis lánaimseartha)	[150 – 180]	[120 – 150]	[145 – 175]	[145 – 175]
Innéacs	*100*	*82*	*96*	*96*

Foinse: Táirgeoirí an Aontais

(292) Tháinig laghdú beag 2 % ar fhostaíocht i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú [5-10] ar an líon iomlán fostaithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(293) Tháinig laghdú 4 % ar tháirgiúlacht lucht saothair thionscal an Aontais, arna tomhas i dtonaí a tháirgtear in aghaidh an fhostaí in aghaidh na bliana, agus é go dlúth i gcomhréir leis an treocht laghdaitheach táirgeachta. Roghnaigh tionscal an Aontais a fhostaithe a choinneáil fiú in 2023, nuair a tháinig laghdú géar ar tháirgeadh i ngeall ar laghdú ar thomhaltas, ós fios dó a dheacracht a bheadh sé a lucht saothair oilte a ionadú.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(294) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil *de minimis*. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(295) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(296) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	[3 300 - 4 000]	[2 900 - 3 600]	[2 600 - 3 200]	[2 600 - 3 200]
Innéacs	*100*	*90*	*79*	*79*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/ tona)	[2 900 – 3 500]	[2 800 – 3 400]	[2 500 – 3 100]	[2 600 – 3 200]
Innéacs	*100*	*96*	*88*	*90*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(297) Tháinig laghdú 21 % ar phraghsanna díola thionscal an Aontais le páirtithe neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais idir 2022 agus 2024 agus d'fhan siad beagnach cobhsaí idir 2024 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

(298) Tháinig laghdú 12 % ar chostas aonaid táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais idir 2022 agus 2024 agus ansin tháinig méadú beag air idir 2024 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Dá réir sin, bhí ísliú mór praghsanna ann de dheasca láithreacht allmhairí ón tSín ar phraghas i bhfad ní b'ísle, rud a chuir iallach ar thionscal an Aontais a phraghsanna a laghdú go leibhéil a bhí i bhfad ní ba mhó ná an laghdú ar an gcostas táirgthe.

4.4.3.2. Costais saothair

(299) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	70 800 – 86 500	70 800 – 86 500	74 200 – 90 700	79 300 – 97 000
Innéacs	*100*	*100*	*105*	*112*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(300) Tháinig méadú 12 % ar mheánchostais saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur fhan costais saothair réasúnta cobhsaí idir 2022 agus 2023, tháinig méadú orthu in 2024 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, go príomha i ngeall ar bhoilsciú agus i gcomhréir le sinsearacht na bhfostaithe.

4.4.3.3. Fardail

(301) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Stoic

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoc deiridh (tonaí)	4 000- 4 500	3 700 – 4 200	4 300 – 4 800	6 300 – 7 000
Innéacs	*100*	*93*	*108*	*155*
Stoc dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	5,7	5,8	6,7	9,6
Innéacs	*100*	*101*	*118*	*169*

Foinse: Táirgeoirí an Aontais.

(302) I ndearbhthéarmaí, tháinig méadú comhréireach agus suntasach 55 % ar stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Agus é arna choigeartú le haghaidh leibhéil táirgeachta, tháinig ardú 69 % ar an stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(303) Chuir an méadú foriomlán sin ar stoic i dtábhacht míchothromaíocht shuntasach idir táirgeacht agus díolacháin. Tugann an treocht le fios, in ainneoin iarrachtaí chun táirgeacht a ailíniú leis an éileamh, gur léiriú é an carnadh fardail neamhdhíolta ar dhúshláin thromchúiseacha tháirgeoirí an Aontais maidir le rochtain a fháil ar an margadh.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(304) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	15 % -16,5 %	7,5 % -8,7 %	1,5 %-2,5 %	- 0,5 % - - 1,5 %
Innéacs	*100*	*51*	*12*	*- 5*
Sreabhadh airgid (EUR milliún)	36 – 44	16 – 20	6,1-7,5	- 2,5 - - 1,9-
Innéacs	*100*	*46*	*17*	*- 6*
Infheistíochtaí (EUR milliún)	1,8 – 2,3	2,2 – 2,6	1,0 – 1,2	1,8 – 2,1
Innéacs	*100*	*118*	*55*	*95*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	81	33	8	- 6
Innéacs	*100*	*40*	*10*	*- 8*

Foinse: Táirgeoirí an Aontais.

(305) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Tháinig laghdú mór tapa ar bhrabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó bhrabúis 15 %-16,5 % in 2022 go caillteanais 0,5 %-1,5 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(306) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 106 % ar an nglansreabhadh airgid agus bhí sreabhadh airgid diúltach ann le linn na tréimhse imscrúdúcháin dá dheasca sin, rud a bhí ina scáthán ar an meath ar fheidhmíocht airgeadais.

(307) Bhí leibhéal na n-infheistíochtaí bliantúla luaineach i gcaitheamh na tréimhse, rud a d'fhág go raibh laghdú 5 % ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú suntasach 18 % air idir 2022 agus 2023, ach tháinig laghdú air sa tréimhse ina dhiaidh sin agus méadú ansin arís le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bunnaithe ar chlár infheistiochta tháirgeoirí an Aontas, leanadh den infheistíocht d'ainneoin iomaíocht ghéar, sciar den mhargadh a bheith caillte agus staid dheacair airgeadais, ós rud é go mbaineann an chuid is mó di le caiteachas chun saoráidí atá ann cheana a chothabháil/a shlánú, go háirithe saoráidí a bhaineann leis an gcomhshaol, agus go raibh sí neamhleaisteach dá bhrí sin.

(308) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt dhiúltach chun cinn le linn na tréimhse faoi bhreathnú ag titim ó 81 % in 2022 go -6 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is éard a léirigh an fhorbairt dhiúltach, cé gur leanadh den infheistíocht chun an t-iomaíochas a choinneáil ar bun, gur tháinig laghdú mór ar na torthaí ar na hinfheistíochtaí sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú

4.5. **Conclúid maidir le díobháil**

(309) D'éirigh go maith le tionscal an Aontais ag tús na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí leibhéal ard brabúsachta aige, agus bhí gach táscaire eile ar leibhéil shláintiúla freisin.

(310) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, áfach, tháinig méadú mór tapa (+417 %) ar allmhairí ón tSín, ar phraghsanna a rinne sladghearradh nach beag ar phraghsanna thionscal an Aontais. Lig sé sin do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne nach raibh ach sciar 6 % de mhargadh an Aontais acu in 2022 sciar 26 % a bhaint amach le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ar méadú 352 % é laistigh de 2 bhliain go leith.

(311) Dá thoradh sin, agus d'ainneoin méadú mór ar thomhaltas an Aontais (+16 %) le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais mar a léirítear leis an treocht dhiúltach sa táirgeacht (-8 %) agus i ndíolacháin (-10 %), leis an méadú ar stoic (+55 %) agus le laghdú mór ar a sciar den mhargadh (ó 86 % go 67 %). Laghdaíodh an acmhainneacht táirgeachta (-8 %) toisc gur chuir tionscal an Aontais conradh dolaphróiseála ar ceal i bhfianaise tomhaltas laghdaithe agus iomaíocht mhéadaithe ó allmhairí neamhchothroma ón tSín.

(312) An méadú ar allmhairí ón tSín ar phraghsanna ísle, tá sé comhghaolaithe leis an meath géar ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid agus an toradh ar infheistíochtaí agus lena leibhéil dhiúltacha, rud a léiríonn na deacrachtaí atá roimh thionscal an Aontais.

(313) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 21 % ar phraghsanna díola thionscal an Aontais, laghdú atá i bhfad níos mó ná an laghdú 10 % ar a chostais, agus é ag iarraidh a sciar de mhargadh an Aontais a choinneáil. Idir 2024 agus an tréimhse imscrúdúcháin, mar thoradh ar an méadú 14 % ar phraghsanna na Síne, tháinig laghdú ar allmhairí ón tSín agus, dá bhrí sin, maolaíodh an brú agus cuireadh ar a chumas do thionscal an Aontais praghsanna a choinneáil ar an leibhéal céanna agus cuid den sciar den mhargadh a fháil ar ais

(314) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. **CÚISÍOCHT**

(315) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Is iad na tosca sin allmhairí ó thríú tíortha agus feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(316) Tharla an meath ar staid eacnamaíoch ar thionscal an Aontais i gcomhthráth le méadú suntasach ar an líon allmhairí ón tSín ag dul i bhfód ar an margadh, a rinne sladghearradh go comhsheasmhach ar phraghsanna thionscal an Aontais agus raibh ísliú praghsanna san Aontas mar thoradh air. Mar gheall ar fhorbairt ar na méideanna agus na praghsanna allmhairiúcháin ón tSín faoi mar a léirítear i dTábla 3 agus 4, tháinig leibhéil íslithe ar phraghsanna i dtionscal an Aontais, agus bunaíodh nasc cúisíoch idir an bheirt dá bharr.

(317) Tháinig méadú 417 % ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó [3 400 - 4 200] tona in 2022, is é sin sciar 6 % den mhargadh, go [17 600 - 21 500] tona, sciar a raibh 26 % den mhargadh i gceist leis, le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Rinneadh na hallmhairí méadaitheacha sin ar phraghsanna níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, mar gheall ar an meath i sciar den mhargadh agus i méid na ndíolachán, a d'fhág ar a sheal go raibh laghdú ar aschur táirgeachta ina dhiaidh sin, imríodh tionchar díobhálach ar chostais táirgeachta aonaid an tionscail de bharr laghdú ar bharainneachtaí scála.

(318) Sa tréimhse imscrúdúcháin, d'ainneoin méadú beag ar dhíolacháin agus ar tháirgeacht in 2023 mar gheall ar an méadú ar an éileamh, cuireadh leis an meath sin a thuilleadh nuair a shroich gach táscaire díobhála (go háirithe brabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíochtaí) leibhéil dhiúltacha shuntasacha.

(319) Caillteanas an sciar den mhargadh, an laghdú táirgeachta agus an t-ísliú praghsanna, d'imir siad i dteannta a chéile tionchar láidir diúltach ar thionscal an Aontais. D'ainneoin an laghdaithe 10 % ar chostais táirgthe, i bhfianaise an bhrú praghsanna a chuir méideanna méadaitheacha na n-allmhairí dumpáilte ón tSín i bhfeidhm, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais praghsanna agus méideanna táirgeachta inbhuanaithe a leagan síos, agus is é toradh a bhí air sin gur tháinig laghdú an-mhór sa bhrabúsacht ó thart ar 15 % go 16,5 % in 2022 go caillteanais de thart ar 0,5 go 1,5 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar aon le meath dá dheasca sin ar na táscairí airgeadais.

(320) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid shealadach go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le hallmhairí dumpáilte ón tSín.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(321) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
an Tuirc	Cainníocht (tonaí)	[4 000 - 4 900]	[5 500 - 6 400]	[5 600 - 6 500]	[3 900 - 4 800]
Allmhairí, gach tír eile seachas an tSín agus an Tuirc	Cainníocht (tonaí)	[800 – 1 000]	[400 - 600]	[370 - 460]	[330 - 410]
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Cainníocht (tonaí)	[4 800 - 5 900]	[5 900 – 7 000]	[5 900 – 7 000]	[4 230 – 5 210]
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	*Innéacs*	*100*	*123*	*122*	*87*
an Tuirc	An sciar den mhargadh (%)	6,9	10,7	7,7	5,9
Allmhairí, gach tír eile seachas an tSín agus an Tuirc	An sciar den mhargadh (%)	1,5	<1	<1	<1
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	An sciar den mhargadh (%)	8,4	11,6	8,2	6,4
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	An sciar den mhargadh *Innéacs*	*100*	*137*	*98*	*76*
an Tuirc	An meánphraghas (EUR/tona)	2 853	2 821	2 650	2 665
Allmhairí, gach tír eile seachas an tSín agus an Tuirc	An meánphraghas (EUR/tona)	5 059	5 370	6 692	7 311

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	An meánphraghas (EUR/tona)	3 256	3 019	2 902	3 026
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	*Innéacs*	*100*	*93*	*89*	*93*

Foinse: Eurostat agus táirgeoirí onnmhairiúcháin.

(322) I gcomparáid leis an tSín, choinnigh tíortha eile láithreacht theoranta ar bun i margadh an Aontais agus tháinig laghdú 13 % agus 24 % faoi seach ar a n-allmhairí isteach san Aontas agus ar a sciar den mhargadh iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba í an Tuirc an t-aon tríú tír a raibh a méideanna allmhairí os cionn sciar 5 % den mhargadh. Rinneadh allmhairí ón Tuirc a phraghsáil ag ceann íochtair phraghsanna thionscal an Aontais, agus i bhfad ní b'airde ná allmhairí ón tSín. D'fhan a méideanna agus a sciar den mhargadh cobhsaí den chuid is mó le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí treocht laghdaitheach fiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ní raibh sciar ní ba mhó ná 1,5 % den mhargadh riamh ag allmhairí de thionscnamh tíortha eile agus allmhairíodh ar phraghsanna arda iad.

(323) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach nach ndearna tionchar ag allmhairí ó thíortha eile an fíornasc cúisíoch substaintiúil idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a tharla do tháirgeoirí ón Aontas a mhaolú.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(324) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	5 000 -5 800	4 200 -5 000	4 100 – 4 900	3 800 – 4 600
Innéacs	*100*	*83*	*81*	*73*
An meánphraghas (EUR/tonaí)	2 700 – 3 300	2 400 – 2 900	2 100 – 2 600	2 100 – 2 600
Innéacs	*100*	*83*	*73*	*75*

Foinse: Táirgeoirí an Aontais.

(325) Tháinig laghdú 27 % ar mhéideanna onnmhairí táirgeoirí de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig laghdú 25 % ar dhíolacháin. Suíodh san imscrúdú gur féidir an meath ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais a mhíniú leis an mbrú a chuir táirgeoirí ón tSín ar mhargaí tríú tíortha, rud a d'fhág ar a sheal gur tháinig laghdú ar onnmhairí tháirgeoirí ón Aontas. Go deimhin, mar a léirítear le sonraí a baineadh as sonraí an Global Trade Atlas, tá onnmhairí na Síne chuig an gcuid eile den domhan substaintiúil ó thaobh méide de agus ar phraghsanna níos ísle ná na praghsanna chuig an Aontas. Thairis sin, ba lú ná 10 % de láimhdeachas iomlán thionscal an Aontais iad méid agus luach na n-onnmhairí. Dá bhrí sin, b'fhéidir gur chuir feidhmíocht onnmhairiúcháin laghdaitheach thionscal an Aontais leis an díobháil, ach níor mhaolaigh sí an fíornasc cúisíoch substaintiúil idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(326) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún fíornasc cúisíoch substaintiúil go sealadach idir an díobháil ábhartha a tharla do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín. Mar thoradh ar an méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín, ní fhéadfadh tionscal an Aontais praghsanna agus méideanna táirgeachta inbhuanaithe a shocrú, rud ba chúis le meath mór ar a staid eacnamaíoch.

(327) Tharla meath eacnamaíoch ar thionscal an Aontais i gcomhthráth le hardú géar ar allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ón tSín. Rinne na honnmhairí sin sladghearradh go comhsheasmhach ar phraghsanna thionscal an Aontais, a chuir brú anuas ar phraghsanna an mhargaidh. Dá thoradh sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a mhéadú agus, go deimhin, bhí air praghsanna a laghdú i bhfad faoi bhun an laghdaithe ar chostais táirgthe. Tháinig laghdú ar dhíolacháin, laghdú ar aschur agus laghdú mór ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid agus an toradh ar infheistíocht dá dheasca sin. Léiríonn uainiú agus scála na bhforbairtí sin nasc cúisíoch soiléir idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(328) Rinne an Coimisiún tosca malartacha a fhiosrú a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Áiríodh orthu sin allmhairí ó thríú tíortha eile, agus feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais. Mar sin féin, ní bhfuarthas go ndearna aon cheann díobh seo aon lagú ar an bhfíornasc cúisíoch substaintiúil idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(329) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(330) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

(331) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(332) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(333) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. Socraíodh an bunchorrlach brabúis ag 9,16 %, rud a léiríonn meánbhrabúsacht ualaithe stairiúil thionscal an Aontais ó 2015 go 2021, i.e. roimh an mborradh faoi allmhairí ón tSín i margadh an Aontais.

(334) Sholáthair tionscal an Aontais fianaise go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, T&F agus nuálaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos airde faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. D'fhíoraigh an Coimisiún taifid inmheánacha na gcuideachtaí a bhain le pleananna infheistíochta, cinntí bainistíochta agus ráitis airgeadais agus fuair sé go raibh údar maith leis na héilimh. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí, taighde agus forbartha agus nuálaíochta ('ITFN') faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais ITFN iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Suíodh corrlach ualaithe IRI ar leibhéal 2,26 % Cuireadh an céatadán sin leis an mbunbhrabús 9,16 %, a luaitear in aithris 333, as ar eascair spriocbhrabús 11,42 %.

(335) Ar an mbonn sin, tá an praghas neamhdhíobhálach idir [EUR 2 900 agus EUR 3 320 in aghaidh an tona], rud atá mar thoradh ar an gcorrlach brabúis 11,42 % thuasluaite a chur i bhfeidhm ar chostas táirgthe tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(336) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, shuigh an Coimisiún costas breise idir EUR 0 agus EUR 27 in aghaidh an tona le haghaidh gach ceann de na cuideachtaí sampláilte. Cuireadh an difríocht sin leis an bpraghas neamhdhíobhálach a luaitear in aithris 336.

(337) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach don táirge comhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an gcorrlach spriocbhrabúis thuasluaite a chur le costas táirgeachta tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ansin chuir sé na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) leis ar bhonn cineál ar chineál.

(338) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(339) Sainítear an chorrlaigh gearrdhíola le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' ar aon dóigh céanna leis an gcorrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach Roinn 3.5 thuas).

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach gearrdhíola (%)
— Hubei Unibon nonwovens Co Ltd	45,6	57,5
— Changde Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd — Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd	50,0	50,0
Cuideachtaí comhoibríocha eile	49,4	51,0
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	50,0	57,5

7. **LEAS AN AONTAIS**

(340) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(341) Is é atá i dtionscal an Aontais na trí ghearánach, a mbaineann dhá cheann acu leis an ngrúpa céanna cuideachtaí. Tá na trí láithreán táirgthe lonnaithe sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus san Iodáil, agus fostaítear [330-400] oibrí go díreach iontu.

(342) Na leibhéil caillteanas atá ann faoi láthair, is leibhéil neamh-inbhuanaithe atá iontu. Trí bhearta a fhorchur, táthar ag súil leis go bhféadfaidh tionscal an Aontais codanna den sciar den mhargadh a cailleadh a aisghabháil, agus praghsanna a shuí ag leibhéil a chuireann ar ár gcumas leibhéal inbhuanaithe brabúsachta a bhaint amach.

(343) Is dócha go mbeidh tionchar diúltach suntasach ag an easpa beart ar thionscal an Aontais i dtéarmaí tuilleadh íslithe praghsanna agus laghdú breise ar dhíolacháin, rud a d'fhágfadh go mbeadh tuilleadh caillteanas ann, agus is dócha go ndúnfar saoráidí táirgeachta, agus go mbeidh daoine á ndífhostú, agus ar deireadh, go dúnfar gnólachtaí iomlána.

(344) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil forchur beart sealadach chun leas thionscal an Aontais.

7.2. **Leas allmhaireoirí agus trádálaithe, úsáideoirí nó soláthraithe neamhchomhlachaithe.**

(345) Tháinig dhá chuideachta (Ventas Inernationales S.A. agus Silcart SPA) chun cinn san imscrúdú mar allmhaireoirí neamhghaolmhara, ach níor chuir siad freagraí isteach ar cheistneoir na n-allmhaireoirí. Chláraigh Silcart S.P.A chun páirt a ghlacadh san imscrúdú mar allmhaireoir, áfach, tar éis soiléirithe dheimhnigh Silcart nár allmhairigh sé agus nár athdhíol sé TPE nascshníofa ach gur allmhairigh sé agus gur úsáid sé é, rud a cháilíonn an chuideachta sin mar úsáideoir. Bhí cainníochtaí an táirge allmhairithe lena mbaineann diomaibhseach (12 thona).

(346) Sheol úsáideoir aonair a bharúlacha mar pháirtí leasmhar. Chuir W. Quandt GmbH & Co. KG in iúl (gan freagairt ar an gceistneoir a chur isteach) gur ábhair imní dó slándáil a sholáthair mar gheall ar an líon teoranta soláthróirí TPE nascshníofa san Aontas, agus na fadhbanna cáilíochta a bhí aige san am a chuaigh thart leis na gearánaigh, rud a thug air, in éineacht le breithnithe praghsála, a shlabhra soláthair a thógáil bunaithe ar allmhairí ón tSín.

(347) Chuir comhlachas monaraíochta na Polainne a dhéanann ionadaíocht d'fhormhór mór na dtáirgeoirí réiteach dín agus uiscedhíonta sa Pholainn in iúl go dtacaíonn sé leis an imscrúdú agus le bearta a bheith á bhforchur faoi dheireadh, toisc gur den tábhacht straitéiseach dá thionscal agus do gheilleagar na hEorpa i gcoitinne é go gcoinneofar slabhra soláthair ionchur criticiúil tógála an Aontais ar bun agus é athléimneach iomaíoch.

(348) In éagmais sonraí maidir le staid eacnamaíoch allmhaireoirí agus úsáideoirí, rinneadh measúnú ar na héifeachtaí is dóchúla a bheadh ag na bearta ar allmhaireoirí agus ar úsáideoirí ar bhonn toimhdí réasúnta.

(349) I gcás allmhaireoirí, i bhfianaise a bpunann éagsúil a bhí le feiceáil ar a suíomhanna gréasáin, agus i bhfianaise nach gcuirfear toirmeasc ar allmhairí ón tSín ach gur dócha go bhfillfidh siad ar mhéideanna níos ísle, is dócha go mbeidh an tionchar ar a ngníomhaíocht eacnamaíoch teoranta.

(350) I gcás úsáideoirí, déantar TPE nascshníofa a chomhtháthú i scannáin bhiotúmanacha a úsáidtear go príomha in earnáil na tógála agus go háirithe le haghaidh tionscadal athchóirithe. Is cuid den chostas é TPE nascshníofa agus scannán biotúmanach á dtáirgeadh, agus níl sna scannáin bhiotúmanacha ach cuid den chostas i dtionscadail athchóirithe, arb iad costais saothair is mó a bhíonn i gceist leo. Dá réir sin, ní dócha go n-imreoidh aon mhéadú féideartha ar phraghsanna n táirge lena mbaineann mar thoradh ar fhorchur dleachtanna frithdhumpála tionchar suntasach ar chostas deiridh tionscadal athchóirithe, agus dá bhrí sin ní dócha go mbeidh tionchar aige ar chostais ná ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha úsáideoirí.

(351) Maidir leis na hábhair imní atá ag W. Quandt GmbH & Co. KG, ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcuirfidh na bearta, má fhorchuirtear iad, toirmeasc ar allmhairí agus, dá bhrí sin, nach gcuirfidh siad slándáil soláthair úsáideoirí i mbaol. Os a choinne sin, trí iomaíocht chóir a athbhunú agus cothrom iomaíochta a áirithiú ar mhargadh an Aontais, tabharfaidh sé caoi do thionscal an Aontais leanúint den táirgeadh agus athléimneacht a shlabhra soláthair a áirithiú. Chinn an Coimisiún freisin go n-allmhairítear TPE nascshníofa ó thríú tíortha eile, amhail an Tuirc, rud a thacaíonn a thuilleadh leis an gcinneadh nach gcuirfear slándáil an tsoláthair úsáideoirí i mbaol.

(352) Tionscal an Aontais a bheith ann i gcónaí, is rud é a thacóidh le hinmharthanacht a sholáthróirí a thacóidh dá réir sin le geilleagar agus fostaíocht an Aontais, mar atá tugtha dá n-aire ag roinnt soláthróirí ábhar (TPE, ceanglóir aicrileach, stáirse) agus seirbhísí araon a léirigh a dtacaíocht leis an ngearán.

(353) Ar deireadh, is asraon tábhachtach é TPE nascshníofa d'athchúrsálaithe ábhar plaisteach san Aontas, agus trína bheith ag leanúint de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha thionscal an Aontais, tacófar le gníomhaíochtaí athchúrsálaithe, ar dheimhnigh roinnt acu go dtacaíonn siad leis an imscrúdú agus le bearta a bheith á bhforchur faoi dheireadh. Dá réir sin, fónfaidh forchur na mbeart freisin do spriocanna an Aontais maidir leis an ngeilleagar glas agus ciorclach.

(354) I bhfianaise a bhfuil thuas, ní mheastar go ndéanfaidh forchur na mbeart dochar d'úsáideoirí ná d'allmhaireoirí agus beidh sé ina thairbhí do sholáthróirí agus chun tacú le beartais chomhshaoil an Aontais. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach mbeadh forchur dleachtanna frithdhumpála in aghaidh leasanna allmhaireoirí, úsáideoirí agus soláthróirí.

7.3. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(355) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé go soiléir le leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, le linn na céime sin den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(356) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(357) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí TPE nascshníofa de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh gearrdhíola agus na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le chéile (féach Roinn 6 thuas). Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh gearrdhíola, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh an méid dleachtanna.

(358) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
— Hubei Unibon nonwovens Co Ltd	45,6
— Changde Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd — Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd	50,0
Cuideachtaí comhoibríocha eile	49,4
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	50,0

(359) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(360) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme go dtí go gcuirfear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(361) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(362) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **CLÁRÚ**

(363) Mar a luaitear in aithris 3, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(364) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí.

(365) Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(366) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh. Fuarthas barúlacha ó TDF, Unibon agus Hebei Jinliu Chemical Fiber Co., Ltd.

(367) D'áitigh TDF nárbh iad na leaganacha críochnaitheacha a d'fhíoraigh an Coimisiún comhaid ríofa áirithe a úsáideadh chun an corrlach dumpála a chinneadh le haghaidh TDF. Dá bhrí sin, d'iarr TDF ar an gCoimisiún ríomh an chorrlaigh dumpála agus an chorrlaigh gearrdhíola le haghaidh TDF a bhunú ar na leaganacha fíoraithe críochnaitheacha de na comhaid sin. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus rinne sé athbhreithniú ar na ríomhanna dá réir, agus úsáid á baint as na sonraí atá sna leaganacha fíoraithe críochnaitheacha de na comhaid ábhartha.

(368) D'áitigh Unibon, sa tagarmharc don leictreachas le haghaidh Unibon, gur aicmíodh go mícheart an chatagóir tomhaltais leictreachais a cuireadh i bhfeidhm. Ina theannta sin, d'áitigh táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch neamhshampláilte, Hebei Jinliu Chemical Fiber Co., Ltd., nach léiríonn an corrlach dumpála a suíodh le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte a staid aonair, toisc gur mhaígh an chuideachta nach raibh dumpáil á déanamh agus í ag díol ar mhargadh an Aontais.

(369) Thug an Coimisiún dá aire nár bhain na maímh a chuir Unibon agus Hebei Jinliu Chemical Fiber Co., Ltd. isteach le cruinneas na ríomhanna, ach leis na modheolaíochtaí a d'úsáid an Coimisiún chun a gcorrlach dumpála faoi seach a chinneadh. Dá bhrí sin, breithneofar na barúlacha sin, in éineacht le gach aighneacht eile, tar éis fhoilsiú na mbeart sealadach.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(370) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(371) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí leathán snáthaid-pholl ta neamhfhite áirithe d'fhiliméid phoileistir, bídís treisithe le snáithíní gloine nó ná bídís, ina bhfuil meáchan nach mó ná 70 g/m², ar mó ná 0,5 mm ach nach mó ná 1,8 mm a dtiús, iad tuilte le ceanglóirí ina bhfuil, de réir meáchain, cion snáithíní gloine is lú ná 30 %, gan iad a bheith brataithe ná cumhdaithe, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 5603 13 90, 5603 14 20 agus ex 5603 14 80 (cóid TARIC 5603 13 90 70 agus 5603 14 80 70) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
— Hubei Unibon nonwovens Co Ltd	45,6 %	88CB
— Changde Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd — Tiandingfeng Nonwovens Co Ltd	50,0 %	88CC
Cuideachtaí comhoibríocha eile	49,4 %	Féach an Iarscríbhinn
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	50,0 %	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid i dtonaí) de (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne .

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2409.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne nár sampláladh:

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Hebei Jinliu Chemical Fiber Co., Ltd.	88CD
Daon-Phoblacht na Síne	Hebei Saikefu Nonwovens Co., Ltd.	88CE
Daon-Phoblacht na Síne	Hubei Bushi Nonwovens Co., Ltd	88CF
Daon-Phoblacht na Síne	Shouguang Fada Cloth Co., Ltd	88CG
Daon-Phoblacht na Síne	Jiangyin Huasicheng Nonwoven Co., Ltd.	88CH